# Clár ábhar


## Faoin Acmhainn seo — Leathanach 2

**Nótaí do Mhúinteoirí**

1. Cad é an rud é Oideachas Chearta an Duine? — **Leathanach 4**
2. Modheolaíochtaí Rannpháirtíocha agus Oideachas Chearta an Duine — **Leathanach 4**
3. Seomra Ranga agus Scoil Chearta an Duine a chur chun cinn — **Leathanach 5**
4. Oideachas Chearta an Duine sa Churaclam i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart na hÉirean — **Leathanach 6**
   - 4.1 Cad chuige Oideachas ar son Chearta an Duine i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann? — **Leathanach 6**
   - 4.2 Oideachas Chearta an Duine saChuraclam Bunscoile — **Leathanach 6**
   - 4.3 Naisc Churaclaim — **Leathanach 7**
5. Ag Tacú le Gníomhaíochtaí le hÚsáid fud fad an Chláir seo — **Leathanach 12**

**Aonaid**

1. Féiniúlacht — **Leathanach 13**
2. Mise agus Tusa — **Leathanach 19**
3. Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine — **Leathanach 25**
4. Freagracht — **Leathanach 33**
5. Inscne — **Leathanach 41**
6. Meas ar Éagsúlacht — **Leathanach 49**
7. Staidéar cáis: Saothar Páistí — **Leathanach 55**
8. Coimhlint agus Comhrá — **Leathanach 61**
9. Daoine a chuireann chun cinn agus a chosnaíonn Cearta Leanaí — **Leathanach 71**
10. Gníomhaíocht! — **Leathanach 77**

**Aguisíní**


Bileog shaothair — **Leathanach 83**
Achoimre ar Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh — **Leathanach 103**
Achoimre ar Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine — **Leathanach 104**
Nótaí Breise Múinteoirí ar Stair Chearta an Duine — **Leathanach 105**
Am Machnaimh — **Leathanach 106**
Script Scíthe — **Leathanach 107**
Gluais — **Leathanach 111**
Acmhainní — **Leathanach 115**
Líonláithreáin — **Leathanach 117**
Measúnú ar Fhoghlaim — **Leathanach 119**
Smaointe Eile le hÚsáid na hAcmhainne seo — **Leathanach 123**

# FAOIN ACMHAINN SEO

Is páirt de chlár oideachais chuimsithigh chearta an duine í an acmhainn seo forbartha ag Tionscnamh Suas Linn, atá mar aidhm aige oideachas chearta an duine (nó OCD) a chur chun cinn laistigh de bhunscoileanna.

Is tionscnamh oideachais chearta an duine de chuid bunscoileanna trasteorann é Tionscnamh Suas Linn a bhfuil sé mar aidhm aige cultúr chearta an duine a chur chun cinn i mbunscoileanna i dTuaisceart na hÉireann agus i bPoblacht na hÉireann araon. Tá an togra seo faoi bhainistiú agus á oibriú ag Amnesty International (Rannóg Éireannach) agus Amnesty International (RA), Cumann Múinteoirí Éireann, Ceardchumann Múinteoirí Uladh agus Education International. Faigheann sé tacaíocht airgeadais ó Ranna an Oideachas i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart na hÉireann, ina theannta leis An Roinn Gnóthaí Eachtracha (PÉ) trí Irish Aid.

Scríobh múinteoirí a oibríonn sa Thuaisceart agus i bPhoblacht na hÉireann an clár iomlán, ina bhfuil trí leabhar acmhainne do ranganna sóisearacha, láir agus sinsearacha, le treoir ó shaineolaithe chearta an duine agus curaclaim ón dá dhlínse. Rinneadh na hábhair a thriail i scoileanna fud fad Thuaisceart Éireann agus Phoblacht na hÉireann, ag cinntiú go raibh ionchur ag peirspictíochtaí éagsúla ar na hábhair deiridh.




**An Tús Ceart**
Naíonáin Shinsearacha – 2ú Rang/Bunrang 1-3




**Suas Linn**
3ú agus 4ú Rang/ Bunrang 4 agus 5




**Mise, Tusa, Gach Éinne**
5ú agus 6ú Rang/ Bunrang 6 agus 7

Bíodh a fhios agat go bhfuil na haoiseanna tugtha mar threoir ghinearálta amháin. Is féidir na hacmhainní a úsáid taobh istigh de chomhthéacs scoile nó de churaclam náisiúnta níos leithne nó mar phacáiste neamhspleách.

## An Tús Ceart

Tá na hacmhainní thuas socraithe i seicheamh. Is acmhainn scilbhunaithe go príomha é, **An Tús Ceart**, do pháistí níos óige. Bhí an réasúnaíocht taobh thiar de seo sáite sa tuiscint nach faoi shealbhú feasa amháin atá oideachas chearta an duine, ach is próiseas é ina bhfuil forbairt scileanna agus dearcadh a bhfuil gá leo chun ár gcearta agus cearta daoine eile a chur chun cinn, a chosaint agus a choinneáil ó dhochar. Measadh gur chóir do na bunchéimeanna tosaigh díriú ar fhorbairt chuí aoise ar scileanna agus dearcadh riachtanach chun dearcaidh dhearfacha i dtreo cearta agus freagrachtaí a fhorbairt agus tacú leo.

## Suas Linn

Tugann an dara hacmhainn sa chlár, **Suas Linn**, isteach an teanga ar 'chearta' ar bhealach páistechairdiúil agus don aois chuí. Cuireann sé na páistí ar an eolas ar na cearta atá sa Choinbhinsiún um Chearta an Pháiste.

## Mise, Tusa, Gach Éinne: Cearta agus Freagrachtaí

B'fhearrde go leanfadh an acmhainn seo Suas Linn, ach is féidir é a thabhairt isteach mar mhodúl neamhspleách. Ba chóir an modúl seo a oiriúnú agus a theagasc chun tacú le riachtanais gach ranga aonaraigh agus staid scoile. Sa dóigh gur féidir an acmhainn a dhéanamh úsáideoirchairdiúil, cuireadh roinnt aguisíní i gcúl an leabhair.

lNí gá, ar chor ar bith, go ndéanfaidh na múinteoirí gach gníomhaíocht in aonad ar leith nó i ngach aonad a dhéanamh lena ndaltaí. Cé go bhfuil an acmhainn struchtúrtha ar bhealach éigin go ndéanann aonad amháin iarrachteolas, scileanna agus dearcaidh pháistí a fuair siad nó a chleacht siad i gceacht roimhe a fhorbairt, tá sé mar aidhm aige chomh maith go mbíonn an acmhainn fóirsteanach le go mbeidh múinteoirí in anncur leis nó le baint de chun é a oiriúnú dá riachtanais. Ina theannta sin, soláthraíonn réimse éagsúil de ghníomhaíochtaí ag deireadh gach aonaid deiseanna le díriú ar shaintéamaí spéise.


Fud fad na hacmhainne seo, fiosróidh na páistí coincheapa amhail féiniúlacht, caidrimh, idirspleáchas, comhionannas agus peirspictíocht, cuirfidh a dtuiscint orthu lena dtuiscint ar chearta an duine. Cuirfear iad ar an eolas ar Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, agus fiosróidh siad na cearta istigh ann, chomh maith leis na freagrachtaí atá leo. Fiosróidh siad ceisteanna chearta an duine amhail éagothromaíocht inscne, leithcheal agus fostú páistí, chomh maith le súil a chaitheamh ar chosantóirí cearta agus cuid de na tograí gnímh féideartha.

Ina theannta sin, fud fad na hacmhainne seo spreagfar iad chun staid chearta an duine ina ndomhain féin a mheas agus le cur leo ar bhealach dearfach, trí dhíriú ar shaol na scoile agus an phobail agus ar ghníomhaíochtaí dírithe ar a dtuiscint ar dhlúthpháirtíocht dhomhanda a chothú.

Tá sé tábhachtach le tabhairt faoi deara go mbainfear an úsáid is fearr as na hacmhainní seo mar pháirt de chlár cuimsitheach chearta an duine a bhfuil sé mar aidhm aige cur chuige scoile iomláine i dtaca le hoideachas chearta an duine a chur chun cinn. Roimh thosú ar an chlár, thiocfadh leat a aithint go mbeadh sé úsáideach amharc ar na hailt a leanas, a sholáthraíonn tuilleadh eolais faoi oideachas chearta an duine agus conas a chloíonn sé leis an churaclam bunscoile, chomh maith leis an réasúnaíocht taobh thiar de thorthaí tuartha teagasc páistí faoi chearta an duine. Tugann Alt 4.3 samplaí ar conas is féidir aonaid aonaracha a imeascadh fud fad an churaclaim agus soláthraíonn Alt 5 liosta dearcadh chun tacú le húsáid an chláir seo.

Chun cuid bealaí nuálacha ar an dóigh a ndeachaigh scoileanna i ngleic leis na hábhair, ar leibhéal scoile iomláine go háirithe, a fheiceáil, féach www.liftoffschools.com

# NÓTAÍ DO MHÚINTEOIRÍ



## 1. Cad é an rud é Oideachas Chearta an Duine?

Is fearr a chuirtear síos ar oideachas chearta an duine mar phróiseas foghlama a chuireann roimhe:

- a chinntiú go bhfuil tuiscint ag páistí ar a gcearta féin agus ar a bhfreagrachtaí bainteacha;
- dearcadh a chothú maidir le hurraim agus le meas a thabhairt ar uathúlacht gach duine;
- scileanna a chur chun cinn a chuireann ar chumas páistí gníomhú ar bhealaí a chosnaíonn agus a chuireann chun cinn cearta an duine.

## 2. Modheolaíochtaí Rannpháirtíocha agus Oideachas Chearta an Duine

In oideachas chearta an duine, cuirtear béim chothrom ar an teanga agus ar an chomhshaol ina dteagascaimid chomh maith leis an rud a theagascaimid.

Tá an modúl seo bunaithe ar an choincheap gur rannpháirtithe gníomhacha na páistí sa phróiseas foghlama agus nach páistí iad atá le líonadh le heolas. Sa mhodúl tríd síos tá gealltanas ann lena chinntiú go bhfuil luach le glór an pháiste agus go bhforbraítear, trí fhoghlaim ghníomhach agus rannpháirteach, na scileanna atá de dhíth chun cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint. Cuireann an modúl seo roimhe go gcinntíonn sé go bhfuil cothromaíocht ann idir foghlaim aonair, foghlaim chomhoibríoch agus foghlaim ranga iomláin agus úsáideann sé éagsúlacht modheolaíochtaí.




Clár Fógraí Chearta an Duine, Swords Educate Together NS, Co. Bhaile Átha Cliath

## 3. Seomra Ranga agus Scoil Chearta an Duine a Chur Chun Cinn



Anna Wroe, Bunscoil Naomh Iósaef, An tIúr, Co. an Dúin

Is cuid bhunúsach an timpeallacht ina bhfuilimid ag teagasc lena chinntiú go dtagann na páistí ar fhíorthuiscint ar chearta agus ar fhreagrachtaí. Is trí eispéireas ar a gcearta daonna féin a bheith urramaithe a chuirfidh ar chumas an pháiste a aithint nach coincheapa amháin iad cearta agus freagrachtaí ach slí bheatha.

Tá sé tábhachtach atmaisfeár agus comhshaol a chruthú a thacaíonn le hoideachas chearta an duine. Mar a dúradh cheana, tá sé an-tábhachtach ní amháin nach múintear páistí faoi mheas amháin ach go mbíonn taithí acu ar mheas sa rang agus sa scoil. Ní amháin go múintear freagracht do na páistí ach go dtaithíonn siad freagracht ina saol ar scoil. Faoi dheireadh, tá sé tábhachtach ní amháin go n-insítear dóibh faoi ghá le bheith caoinfhulangach ach go dtaithíonn siad meas ar éagsúlacht.

Ba chóir go n-athnódh an seomra ranga agus comhshaol na scoile an luach atá le hionchur gach páiste, go mbeadh meas acu ar mheas agus an ceart le saoirse tuairimíochta agus go spreagfadh siad rannpháirtíocht ghníomhach.

Cruthaítear a leithéid de thimpeallacht nuair a oibríonn múinteoirí agus páistí le chéile lena chinntiú go léiríonn an t-eispéireas sa seomra ranga na luachanna agus na tuairimí a thacaíonn le cearta an duine. Cé gur féidir le tacar rialacha nó treoirphrionsabail sa seomra ranga cuidiú le tacaíocht a thabhairt do choincheap chearta agus fhreagrachtaí an duine, is ríthábhachtach go bhforbraítear a leithéid de phrionsabail ar bhealach atá comhoibríoch agus urramach.

Tá réimse leathan gníomhaíochtaí ar féidir le scoileanna a thabhairt fúthu chun cur chuige scoileiomláine d'oideachas cheart an duine a chur chun cinn. San áireamh le cuid de na samplaí tá:

- Comhairle scoile a bhúnú
- Cairt scoile a chruthú
- Dul i gcomhairle le páistí, tuismitheoirí, múinteoirí ar bhealaí chun pobal na scoile a fheabhsú
- Seachtain ar Thrádáil Chóir a Shocrú
- Seachtain Chearta an Duine a Shocrú
- Gach rang ag díriú ar cheart difriúil agus sin a chur i láthair don chuid eile den scoil

Tá liosta níos uileghabhálaí de thograí gnímh ar féidir le páistí bheith páirteach iontu le fáil in Aonad 10: Ag Gníomhú! Is féidir na gníomhaíochtaí siúd a dhéanamh oiriúnach chun tograí scoile iomláine a dhéanamh astu, más cuí sin don scoil.

## 4. Oideachas Chearta an Duine agus an Curaclam Bunscoile i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann

### 4.1 Cad chuige Oideachas ar son Chearta an Duine i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann?

Ní bhaineann an t-oideachas le páistí a ullmhú do shaol an duine fhásta amháin. Baineann sé le cuidiú leo chun plé le casachtaí a saoil faoi láthair. Is páistí bunscoile iad páistí Thuaisceart Éireann agus Phoblacht na hÉireann páistí oileáin a bhfuil eispéireas aige ar, agus atá eispéireas á fháil aige ar choimhlint agus dheighilt. Is comhaltaí iad chomh maith de shochaí forchríochaithe ag dul i méid go gasta ina bhfuil tíortha agus daoine níos ceangailte anois ná riamh. Mar thoradh air sin, tá gá le caighdeáin iompraíochta lena nglactar go huilíoch chun cuidiú linn ár mbealach a threorú sa tsochaí nua dhomhanda. Is ceist reatha í mar sin de, oideachas a chur ar son chearta agus fhreagrachtaí an duine. Is féidir le feasacht ghníomhach na páistí a chumasú mar aisteoirí cruthaíocha anois agus amach anseo.

### 4.2 Oideachas Chearta an Duine sa Churaclam Bunscoile

Baineann oideachas bunscoile le forbairt an pháiste iomláin mar dhuine ar leith. Is é atá i gceist leis timpeallacht a chruthú inar féidir leis an pháiste fás agus forbairt lena lánacmhainneacht a bhaint amach. Aithníonn sé nach duine scartha gach páiste ach gur ball teaghlaigh, ball de phobail agus leoga ball de phobal domhanda iad. Le linn shaol na bunscoile tá tuiscint á forbairt ag an pháiste ar cad is duine aonair ann agus ar an dóigh le caitheamh le daoine eile. Tacaíonn oideachas chearta an duine leis an fhorbairt sin trí eispéireas oideachasúil a sholáthar a thugann faill do pháistí forbairt ar bhonn pearsanta agus sóisialta.

Sa chomhthéacs seo, bíonn gach cosúlacht ann go bhféadann le hoideachas chearta an duine aidhmeanna leathana bunoideachais i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann a bhaint amach. Mar shampla, cuireann an curaclam i dTuaisceart Éireann ag Eochairchéim 2 roimhe forbairt iomlánaíoch an pháiste a chothú trí:

- scileanna riachtanacha a fhorbairt a chuirfeadh ar chumas na bpáistí páirt a ghlacadh mar bhaill rannpháirtíocha grúpaí;
- leanúint ar aghaidh le fiosracht nádúrtha páistí a fhorbairt agus a gcuid samhlaíochta a chothú;
- deiseanna a thabhairt chun taiscéaladh, imscrúdú, fadhbfhuascailt agus cinnteoireacht a dhéanamh. (Curaclam Thuaisceart Éireann, Eochairchéimeanna 1 agus 2, Tréithe an Churaclaim ag Eochairchéim 2)

Agus aidhmeanna churaclam na bunscoile i bPoblacht na hÉireann á meas, díríonn an dara haidhm ghinearálta ar a thábhachtaí atá sé gné oideachas chearta an duine a chur san áireamh sa churaclam: "Le cur ar chumas an pháiste forbairt mar dhuine sóisialta trí mhaireachtáil agus trí chomhoibriú le daoine eile agus mar sin cur le leas na sochaí." Curaclam Bunscoile Phoblacht na hÉireann, Réamhrá, leathanach 7) Mar sin de tógann agus tacaíonn oideachas chearta an duine, lena bhéim ar fhobairt scileanna agus ar chothú tuairimí, le próiseas foghlama an dá churaclam.



Seana McDonald, Bunscoil Chlochar Naomh Iósaef, An tIúr, Co. An Dúin

### 4.3: Naisc Curaclaim

Tacaíonn na gníomhaíochtaí san acmhainn seo le cur i bhfeidhm na n-ábhar curaclaim a leanas:

**Aonad 1**

| Tuaisceart Éireann | Poblacht na hÉireann |
|---|---|
| **Teanga agus Litearthacht** – Labhairt agus éisteacht, (díospóireacht ghrúpa, cur síos ar éispéiris, cur in iúl smaointe agus mothúcháin), Léitheoireacht, (léitheoireacht chomhpháirteach agus i bpéirí, léitheoireacht os ard, díospóireacht agus léirléamh a dhéanamh ar théacs, seabhlú agus leathnú stór focal), Scríbhneoireacht, (le cur in iúl, le míniú agus le cur síos, smaointe, barúlacha agus mothúcháin a chur in iúl). (Gaeilge)<br><br>**Forbairt Phearsanta** – Féiniúlacht, Caidrimh le teaghlach, cairde agus sa scoil, Caidrimh sa phobal, Caidirimh sa domhain níos leithne, Sábháilteacht Phearsanta(Príobháideachas). **(AEA)** | **Teanga** – Ó bhéal, léamh, scríobh<br><br>**Gaeilge** – Téama: Mé Féin<br><br>**OSSP** – Mé Féin (féiniúlacht, cinnteoireacht), Mé Féin agus daoine eile (mé féin agus mo theaghlach), Mé Féin agus an domhain mór(oideachais meán, forbairt saoránachta)<br><br>**OSIE – Tíreolaíocht:** Tuiscint ar áit agus ar spás, Léarscáileanna, cruinní agus scileanna grafacha, Daoine agus tíortha eile. |

**Aonad 2**

| Tuaisceart Éireann | Poblacht na hÉireann |
|---|---|
| **Teanga agus Litearthacht** – Labhairt agus éisteacht (díospóireacht ranga agus grúpa, aisteoireacht i róil a dhéanamh, cur síos ar eispéiris, cur in iúl smaointe agus mothúcháin, labhairt ar róil agus machnamh a dhéanamh ar róil taobh istigh den ghrúpa); Léitheoireacht (úsáid dráma le téacs a léiriú, díospóireacht agus léirléamh a dhéanamh ar théacs) ***(Gaeilge)***<br><br>**Forbairt Phearsanta** – Féiniúlacht; Caidrimh le teaghlach, le cairde agus le scoil; Caidrimh sa phobal; Caidirmh sa domhan mór. ***(AEA, Oidhreacht Chultúrtha)***<br><br>**Forbairt Cruthaitheach, Thromchiallach agus Fhisiceach** – Drámaíocht (seiftiú agus ról-imirt) ***(Ealaín & Dearadh)*** | **Teanga** – Ó bhéal, léamh, scríobh<br><br>**OSSP** – Mé Féin (féiniúlacht), Mé Féin agus daoine eile (mé féin agus mo theaghlach; mo chairde agus daoine eile; bainteach le daoine eile)<br><br>**Oideachas ealaín** – Drámaíocht (seiftiú agus ról-imirt)<br><br>**Na hEalaíona Radhairc** – Líníocht (líníocht a dhéanamh /Ag amharc agus ag freagairt)<br><br>**OSIE – Tíreolaíocht:** Comhshaol daonna (daoine ina gcónaí agus ag obair i gceantar áitiúil) |

## Aonad 3

| Tuaisceart Éireann | Poblacht na hÉireann |
|---|---|
| **Teanga & Litearthacht** – Labhairt & éisteacht, Léitheoireacht, Scríbhneoireacht, ag Úsáid TE ***(Gaeilge)***<br><br>**Forbairt Phearsanta** – Caidrimh sa phobal & leis an domhan mór ***(OC, OCT)***<br><br>**An Domhan Thart Orainn** – An dóigh a mairimid: Daoine agus áiteanna, An dóigh ar mhaireamar san am atá caite.<br>***(Stair*** *– scileanna & coincheap* ***Tíreolaíocht)*** | **Teanga** – Ó bhéal, léitheoireacht, scríbhneoireacht<br><br>**OSSP** – Mé Féin agus an domhan mór (forbairt saoránachta, oideachas na meán)<br><br>**OSIE – Stair:** Ag obair mar staraí (am agus croineolaíocht, athrú agus leanúnachas, cúis agus toradh); Scéal (scéalta ó shaolta dhaoine san am atá caite); Saol, sochaí, obair agus cultúr san am atá caite (An Dara Cogadh Domhanda); Daoine sa luathaimsir agus sochaithe ársa (dlíthe/cearta)<br><br>**Tíreolaíocht** – Scileanna fiosraithe tíreolaíochta, Comhshaoil dhaonna (daoine agus tíortha eile) |

## Aonad 4

| Tuaisceart Éireann | Poblacht na hÉireann |
|---|---|
| **Teanga & Litearthacht** – Labhairt agus éisteacht, Léitheoireacht, Scríbhneoireacht (tuiscint) ***(Gaeilge)***<br><br>**Forbairt Phearsanta** – LFoghlaim chun foghlama, Caidrimh sa phobal, Caidrimh sa domhan mór. ***(OCT, Oidhreacht Chultúrtha, Oideachas Sláinte)***<br><br>**An Domhan Thart Orainn** – An dóigh a mairimid: Daoine agus áiteanna (***Tíreolaíocht*** *– áiteanna & ceisteanna,* ***Stair*** *– scileanna & coincheapa)* | **Teanga** – Ó bhéal, léitheoireacht, scríbhneoireacht (tuiscint)<br><br>**OSSP** – Mé Féin (cinntí a dhéanamh), Mé Féin agus daoine eile (na haonaid sraithe uile), Mé Féin agus an domhain mór (forbairt saoránachta)<br><br>**OSIE – Stair:** Scileanna fiosraithe, (ceistiú, fiosrú, imscrúdú, breathnú, iniúchadh, taifeadadh agus cumarsáid, meastóireacht).<br><br>**Oideachas Ealaíne:** Na hEalaíona Radhairc: Líníocht /péint agus dath (nó sraith eile roghnaithe ag an mhúinteoir) |

## Aonad 5

| Tuaisceart Éireann | Poblacht na hÉireann |
|---|---|
| **Teanga & Litearthacht** – Labhairt agus éisteacht, Léitheoireacht, Scríbhneoireacht (tuiscint) ***(Gaeilge)*** | **Teanga** – Ó bhéal, léitheoireacht |
| **Matamaitic agus Uimhearthacht** – cumarsáid mhatamaiticiúil; sonraí a léirmhíniú ***(Matamaitic)*** | **Matamaitic** – Sonraí (sonraí a léiriú agus a léirmhíniú) |
| **Forbairt  Phearsanta** – Foghlaim chun foghlama, Caidrimh leis an teaghlach, le cairde agus sa scoil, Caidrimh sa phobal, Caidrimh leis an domhain mór ***(OS, OCT, OC)*** | **OSSP** – Mé Féin (na haonaid sraithe uile), Mé Féin agus an domhan mór (oideachas na meán) |
| **An Domhan Thart Orainn** – An dóigh a mairimid: Daoine agus áiteanna (***Tíreolaíocht*** *– áit a gcónaíonn daoine & cad é a dhéanann daoine*) | **OSIE – Tíreolaíocht:** Comhshaoil dhaonna (daoine ina gcónaí agus ag obair ....), Scileanna fiosraithe tíreolaíochta (fiosrú, iniúchadh, cumarsáid) |
| | **Stair:** Réanna athraithe agus coimhlinte (athruithe ról na mban sa 19ú agus 20ú haois) Athrú agus leanúnachas le himeacht aimsire (scoil agus oideachas) |

## Aonad 6

| Tuaisceart Éireann | Poblacht na hÉireann |
|---|---|
| **Teanga & Litearthacht** – Labhairt agus éisteacht, Léitheoireacht, Scríbhneoireacht. ***(Gaeilge)*** | **Teanga** – Ó bhéal, léitheoireacht, scríbhneoireacht |
| **Forbairt  Phearsanta** – Caidrimh leis an teaghlach, le cairde agus sa scoil, Caidrimh sa phobal, Caidrimh sa domhain mór, ***(OMT)*** | **OSSP** – Mé Féin agus daoine eile (ag teagmháil le daoine eile, mo chairde agus daoine eile), Mé Féin agus an domhain mór (oideachais na meán) |
| **An Domhan Thart Orainn** – An dóigh a mairimid: Daoine agus áiteanna (***Tíreolaiocht – Staidéar áite***) | **OSIE – Tíreolaíocht:** Comhshaoil dhaonna (daoine ina gcónaí agus ag obair sa cheantar áitiúil) (daoine agus pobail) |

## Aonad 7

| Tuaisceart Éireann | Poblacht na hÉireann |
|---|---|
| **Forbairt Chruthaitheach, Thromchiallach & Fhisiceach** – Drámaíocht agus rólghlacadh<br><br>**Teanga & Litearthacht** – Labhairt agus éisteacht, Léitheoireacht ***(Gaeilge)***<br><br>**Forbairt Phearsanta** – Foghlaim chun foghlama, Fás agus athrú, Caidrimh sa phobal, Caidrimh sa domhan mór (***Oideachas Sláinte, Oidhreacht Chultúrtha, OCT) An Domhain Thart Orainn*** – An dóigh a mairimid: Daoine agus áiteanna (***Stair, Tíreolaíocht, – Áiteanna agus Ceisteanna***)<br><br>**Oideachas ealaíon** – Drámaíocht (drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a fhiosrú, agus tuiscint mar thoradh uirthi) | **Teanga** – Ó bhéal, léitheoireacht, scríbhneoireacht<br><br>**OSSP** – Mé féin (ag fás agus ag athrú) Mé féin agus daoine eile (na haonaid sraithe uile)<br><br>**OSIE – Tíreolaíocht:** Comhsaoil dhaonna (daoine i dtíortha eile), Ceisteanna trádála agus forbartha<br><br>**Stair:** Ag oibriú mar staraí, Staidéir áitiúla, scéal srl. |

## Aonad 8

| Tuaisceart Éireann | Poblacht na hÉireann |
|---|---|
| **Forbairt Phearsanta** – Tuiscint Phearsanta, Caidrimh leis an teaghlach, le cairde agus scoil – Réiteach coimhlinte, Caidrimh sa phobal – cearta leanaí, Caidrimh sa domhan mór ***(OS, OC, OCT)***<br><br>**Teanga & Litearthacht** – Labhairt agus éisteacht (seiftiú, smaointe agus mothúcháin a chur in iúl, cur i láthair ó bhéal a ullmhú agus a thabhairt); Léitheoireacht; Scríbhneoireacht ***(Gaeilge)***<br><br>**Forbairt Chruthaitheach, Thromchiallach & Fhisiceach** – Drámaíocht (rólghlacadh)<br><br>**An Domhan Thart Orainn – An dóigh a mairimid:** Muid féin, daoine agus áiteanna. (***Tíreolaíocht*** *– áit a gcónaíonn daoine agus cad é a dhéanann siad*) | **OSSP** – Mé Féin (cinntí a dhéanamh), Mé Féin agus daoine eile (teagmháil le daoine eile), Mé Féin agus an domhan mór (forbairt saoránachta)<br><br>**Teanga** – Ó bhéal, léitheoireacht, scríbhneoireacht<br><br>**Oideachas ealaíon** – Drámaíocht: Drámaíocht a dhéanamh agus a fhiosrú, comhoibriú agus cumarsáid chun dráma a dhéanamh<br><br>**OSIE – Tíreolaíocht:** Comhshaoil dhaonna (daoine i dtíortha eile) |

## Aonad 9

| Tuaisceart Éireann | Poblacht na hÉireann |
|---|---|
| **Teanga & Litearthacht** – Labhairt agus éisteacht, Léitheoireacht, Scríbhneoireacht ***(Gaeilge)*** | **Teanga** – Ó bhéal, léitheoireacht, scríbhneoireacht |
| **Forbairt Phearsanta** – Tuiscint Phearsanta, Caidrimh leis an teaghlach, le cairde agus scoil, Caidrimh sa phobal ***(OS, OC, OCT)*** | **OSSP** – Mé Féin (teagmháil le daoine eile), Mé Féin agus an domhan mór (forbairt saoránachta) |
| **Forbairt Chruthaitheach, Thromchiallach agus Fhisiceach** – líníocht agus péinteáil: Nithe beo agus an comhshaol ***(Ealaín)*** | **Oideachas Ealáine** – Na hEalaíona Radhairc: Líníocht, péint agus dath |
| | **OSIE – Tíreolaíocht:** Comhshaoil dhaonna (sraitheanna uile) |

## Aonad 10

Tá an t-aonad seo deartha le cur ar chumas páistí na scileanna a fhaigheann siad le linn an chúrsa seo a dhaingniú. Cuireann an t-aonad seo beocht i mbunphrionsabail oideachas chearta an duine agus an churaclaim.

| Tuaisceart Éireann | Poblacht na hÉireann |
|---|---|
| Ag obair le daoine eile | Foghlaim chomhoibríoch |
| Smaointeoireacht, fadhbhfhuascailt agus cinnteoireacht | Smaointeoireacht ardoird agus fadhbhfhuascailt |
| Féinbhainisteoireacht | Ag tosú le eispéireas an linbh |
| Bainistiú eolais | An leanbh mar gníomhaire gníomhach |
| Bheith cruthaitheach | Toisí sóisialta agus mothúchánacha na foghlama. |

## 5. Ag Tacú le Gníomhaíochtaí le hÚsáid sa Chlár seo

Is smaointe iad siúd a leanas is féidir a úsáid chun tacú le foghlaim na bpáistí san acmhainn:

**Comhad agus Leathanaigh Chearta an Duine**

Is féidir comhad mainile a thabhairt do gach páiste ina dtig leo a leathain oibre agus gach ábhar eile a fhorbraítear sa mhodúl a chur. Ba chóir go mbeadh roinnt leathanach glan agus línithe. Thiocfadh gach páiste a spreagadh chun a gcomhad a phearsanú trína n-ainm a chur air agus trí shiombail nó pictiúr a tharraingt ar a thosach. Taifead ar obair an pháiste a bheadh ann mar sin agus is féidir leis cuidiú leis an mhúinteoir foghlaim a mheasúnú.

**Dialann Mhachnaimh**

Tugtar deiseanna rialta do na páistí chun machnamh criticiúil a dhéanamh ar a bhfoghlaim féin san acmhainn seo. Is féidir é seo a dhéanamh trí na páistí a spreagadh le tuairim a nochtadh má bhain siad taitneamh as gníomhaíocht, leis an rud a d’fhoghlaim siad a phlé agus le cur síos ar na mothúcháin a bhí acu le linn na gníomhaíochta. Is féidir leo Dialann Mhachnaimh a chruthú, ar dóigh mhaith í chun a dtaifid chun treochtaí nó ceisteanna ar leith a éiríonn aníos do na páistí a chlárú. Mar mhalairt, chuireamar teimpléad de Leathan Machnaimh san áireamh sna haguisíní (leathanach 106).

**Obair Shuaimhnis/Mhachnamhach**

Oibríonn seo ar bhealach cosúil leis an obair mhachnamhach. Tá script suaimhnis faoi iamh ar chúl an leabhair a thabharfaidh treoir do na páistí riocht suaimhnis a bhaint amach mar bhealach lena mbraistintí agus mothúcháin a fhiosrú. Is féidir leis seo bheith tairbheach ag tús nó deireadh an cheachta (leathanach 107).

**Eochairfhocail Chearta an Duine**

Cuidíonn úsáid eochairfhocal chearta an duine sa mhodúl seo le fócas a thabhairt d’fhoghlaim na bpáistí agus iad a thabhairt isteach chuig teanga chearta an duine. Is féidir úsáid a bhaint as na heochairfhocail mar uirlis le haghaidh machnaimh nó meastóireachta. Is féidir le múinteoirí páistí a mhealladh chun na heochairfhocail a mhíniú, a dtuiscint féin a léiriú ar na focail, scéal a scríobh faoi, é a mhaisiú nó rólghníomhaíocht a fhorbairt faoi. Cuireann sé ar chumas múinteoirí súil siar a chaitheamh ar cheachtanna le linn an chúrsa agus ag deireadh an mhodúil. Moltar gur chóir do mhúinteoirí tacaíocht a thabhairt do na páistí a bhfoclóirí ar chearta an duine a chur le chéile. Ina áit sin, d'fhéadfadh foclóir chearta an duine a fhorbairt le linn an mhodúil agus é a thaispeáint sa seomra ranga.

**Cúinne/Balla chearta an duine**

Is féidir trí chúinne chearta an duine a chruthú sa seomra go dtabharfar beocht don mhodúl seo. Is féidir le múinteoirí cóip den Choinbhinsiún um Chearta an Pháiste (CCP) agus Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine (DUCD) a chur ar taispeáint sa chúinne chomh maith le spás breise a thabhairt chun leathain oibre na bpáistí agus ábhar ar bith eile a fhorbraíonn siad mar chuid den mhodúl a thaispeáint. Is féidir an cúinne seo a úsáid i rith na bliana, mar bhealach lena chinntiú go bhfanann na páistí eolach ar thábhacht chearta an duine i ndiaidh don mhodúl bheith críochnaithe.



# 1. Céannacht

## Nótaí do Mhúinteoirí

Is é **céannacht** duine ná cé hé an duine sin agus rudaí a théann i bhfeidhm leis an duine sin a dhéanamh. Tá a chéannacht féin ag duine agus is céannacht í atá bunaithe ar ghrúpaí ina bhfuil siad ina bhall díobh. Tá cuid de chéannacht an duine do-bhogtha agus roghnaíonn siad cuid eile. Is féidir céannacht a shainmhíniú mar shaintréithe, thraidisiúin agus mar chreideamh a úsáideann duine aonarach nó grúpa chun iad féin a shainmhíniú mar mar an gcéanna nó difriúil le daoine aonaracha nó grúpaí eile.

Téann an dóigh a sainmhínímid sinn féin go díreach ar an dóigh a gcaitheann muid le daoine eile agus an dóigh a gcaithimid leis na luachanna go bunúsach i **gcearta an duine**. Toisc go bhfuil nasc bunúsach idir tábhacht luachanna éagsúlachta agus chearta an duine, is dúshraith é an fócas ar chineálacha céannachta san acmhainn seo.

Is tábhachtach cuimhneamh nach rud neodrach é céannacht. Is féidir coincheap céannachta a léiriú ar bhealaí difriúla agus tá taobh dearfach agus diúltach leis. Tá a fhios againn cad é mar is féidir le céannacht grúpa mothú muintearais nó dlúthpháirtíochta a chruthú. Bíodh sin mar atá, mar thoradh ar dheighiltí bunaithe ar chéannacht a d'éirigh eisréimneacht, imeallú agus mí-úsáid chearta an duine.

Sa cheacht seo ceiliúrfaidh na páistí a gcéannacht féin trí chiall a n-ainmneacha a fhiosrú ('Tá againn an ceart chun ainm bheith orainn'; Alt 7 agus 8 ***Coinbhinsiún na Náisiúin Aontaithe*** *ar Chearta an Pháiste*). Feiceann na páistí, go gasta, go bhfuil siad cosúil agus éagosúil le páistí eile. Tá sé mar aidhm ag na gníomhaíochtaí féinmheas agus tuiscint ar **uathúlacht** gach duine a fhorbairt agus éagsúlacht a cheiliúradh.

**Cuspóirí** – Le cur ar chumas na bpáistí:

- Coincheap céannachta, agus an cleachtas chun iad féin a shainmhíniú agus ainmniú a fhiosrú;
- Imscrúdú a dhéanamh ar chéannacht maidir le cearta de agus dá bharr sin bheith eolach ar Choinbhinsiún NA um Chearta an Pháiste;
- Machnamh a dhéanamh ar chleachtas chun eolas a chomhroinnt agus meas bheith acu ar phríobháideachas;
- Féinmheas a fhorbairt agus a mhór a dhéanamh d'uathúlacht gach duine;
- Scileanna taighde, iniúchta (bailiú eolais), díospóireachta agus cinnteoireachta, agallóireachta, comharfhoghlama agus féin-léirithe chruthaithigh a chleachtadh agus a fhorbairt.

**Acmhainní**

- Póstaer de Choinbhinsiún um Chearta an Pháiste
- Leathan oibre Pass 1.1 nó 1.2 (leathanach 83) ag brath ar riachtanais/cumais na bpáistí le haghaidh Ghníomhaíocht B.
- Achoimre ar Choinbhinsiún na NA um Chearta an Pháiste.

## A. Ciall Ainm?

Tabhair bomaite do na páistí chun machnamh a dhéanamh ar cad é mar a d'fhreagróidís an cheist sin 'cé mé?' i bhfocal nó dhó. Tabhair cuireadh do na páistí a bhfocal a roinnt leis an chuid eile den rang agus le rá cad chuige a ndúirt siad iad.

Mol do na páistí gur dócha go dtabharfadh cuid mhór daoine a n-ainm féin ar an cheist 'cé mé'. Fiafraigh de na páistí cad é a chuireann na hainmneacha in iúl faoi na daoine ar leo iad:

| Ainm | Cuireann an tAinm ... in iúl | Thiocfadh leis an ainm ... a chur in iúl dúinn |
|---|---|---|
| Sarah Byrne | cailín nó bean | … cé acu gur fear nó bean an duine |
| François Truffaut | Francach | … náisiúntacht an duine nó an áit a gcónaíonn siad |
| Seán Óg | óg + ainm an athar | … aois duine agus/nó gurb ionann a n-ainm agus ainm a n-athar |
| Melanie Klein | beag ('klein') | … airde duine |
| Aonghus MacDiarmuid | mac Dhiarmada | … faoinár ngaol le ball teaghlaigh ar leith agus a n-ainm |
| Peter Baker | báicéir | … post an duine nó duine dá sinsir |
| Robert Kindness | cineáltas | … gné de charachtar an duine |

Tabhair sampla nó dhó d'ainm agus córas ainmnithe ó chodanna eile an domhain do na páistí (féach thíos faoi). Thiocfadh leat smaointe ó na páistí iad féin a iarraidh.

| Ainm | Cuireann an tAinm ... in iúl | Thiocfadh leis an ainm ... a chur in iúl dúinn |
|---|---|---|
| Sukhvinder Kaur | ciallaíonn 'Kaur' banphrionsa | … gur cailín nó bean an duine. Sa chóras ainmnithe Shaícigh, ní úsáidtear ainm an teaghlaigh i gcónaí ar mhaithe le cúiseanna reiligiúnacha. Ina áit sin beidh an chéad agus an dara hainm ag an duine, agus an dara hainm 'Kaur' (banphrionsa) más cailín atá ann agus 'Singh' (leon) más buachaill atá ann. |
| Kwadwo | buachaill + rugadh Dé Luain é | … gur buachaill nó fear an duine agus cén lá ar a rugadh é. Ainmníonn muintir Ashanti as Gána a bpáistí i ndiaidh lá na seachtaine ar a rugadh an páiste. Tá laethanta na seachtaine uile ainmnithe i ndiaidh na ndéithe, agus tá foirm fhirinscneach agus bhaininscneach ann.[1] |

[1]Samplaí roghnaithe ó Jill Rutter, Refugees: A Resource Book for Primary Schools (1998: Refugee Council UK, London), pp. 129.

Ag úsáid an phóstaeir ar Choinbhinsiún um Chearta an Pháiste, cuir in iúl do na páistí go bhfuil an ceart ag gach páiste ainm bheith orthu (Airteagal 7). Mínigh sa chomhthéacs seo gur comhaontú é ‘coinbhinsiún’ ina bhfuil roinnt rialacha nó dlíthe leagtha amach a aontaíonn rialtais go comhlíonfaidh siad iad.




Corby, Castleknock Educate Together NS, Baile Átha Cliath 15
[Táb Taoibh:] AONAD a hAON

Ag brath ar cé acu a d'fhoghlaim na páistí faoi chearta an duine roimh nó nár fhoghlaim, fiafraigh díobh:

- An cuimhin leat cad is ‘ceart' ann?
- Cad é a shíleann tú is 'ceart' ann?

Gan beag a dhéanamh dá smaointe, mol do na páistí go síleann cuid mhór daoine gur **riachtanais bhunúsacha dhaonna** iad cearta an duine. Cruthaíodh cearta an duine chun iarracht a dhéanamh lena chinntiú go gcomhlíonfar ár riachtanais bhunúsacha – mar shampla, tá ceart againn uile chun bia agus uisce ghlain toisc go mbíonn siad de dhíth orainn. Toisc go mbíonn na riachtanais bhunúsacha dhaonna ag gach duine, tá na cearta céanna comhionannais ag gach duine daonna.

Faoi dheireadh, fiafraigh de na páistí:

- An bhfuil iontas ort go síleann rialtais thart ar an domhan go bhfuil sé chomh tábhachtach sin ainm bheith ar dhuine gur aontaigh siad go bhfuil an ceart ag gach duine ainm bheith orthu?
- An síleann tú go bhfuil sé tábhachtach ainm bheith ar dhuine? Cad chuige? Cad chuige nach síleann tú?

## B. Mo Phas Cearta Duine

Tosaigh an ghníomhaíocht seo le díospóireacht faoi phasanna agus a n-úsáid

- Cad é an rud is pas ann?
- Cé a chonaic cad é an chuma atá ar phas?
- An féidir leat cur síos a dhéanamh air?
- Cá huair a úsáidimid pasanna?
- An bhfuil do phas féin agat?

Tabhair cóip de Leathan Oibre ar Phas do gach páiste (leathanach 83/84). (Is féidir Leathan Oibre 1.1 nó 1.2 a úsáid ag brath ar riachtanais/chumais na bpáistí).

Mínigh do na páistí go bhfuil siad ag dul a dhéanamh a bpas féin, mar ghrúpa nó leo féin. I gcás obair phéirí/obair ghrúpa, is féidir leis na páistí iad féin a chur faoi agallamh agus pas a chéile a chomhlíonadh.

Sula dtosaíonn na páistí ag obair ar a bpas, gabh ar ais chuig póstaer ar Choinbhinsiún um Chearta an Pháiste agus aimsigh Airteagal 16, a deir go bhfuil an ceart ag gach páiste chun phríobháideachias. Abair leo nach gá dóibh freagra a thabhairt ar cheist nó ar cheisteanna mura mian leo é.

I ndiaidh leathan oibre a chomhlíonadh, tabhair cóip den achoimre ar Choinbhinsiún um Chearta an Pháiste do na páistí (leathanach 103).

Iarr orthu ceart a aimsiú arb ionann é agus na ceisteanna ina bpas a bhfuil réiltín (*) leis.

Bailigh an rang le chéile arís agus fiafraigh de gach grúpa ceart a mholadh arb ionann é agus ceist ar leith.

## Nótaí do Mhúinteoirí do Ghníomhaíocht Phas Chearta an Duine

Agraíonn gníomhaíocht Phas Chearta an Duine:

**Airteagal 7 agus Airteagal 16** – An ceart chun ainm bheith ort agus a n-ainm a urramú

**Airteagal 6** – An Ceart chun saoil

**Airteagal 7** – An ceart chun náisiúntachta

**Airteagal 18 agus Airteagal 20** – An ceart go dtabharfaidh a dtuismitheoirí nó a gcaomhnóirí aire dóibh

**Airteagal 27** – An ceart chun tí

**Airteagal 28** – An ceart chun oideachais

**Airteagal 27** – An ceart chun cúram sláinte maith, bia folláin agus uisce ghlain

**Airteagal 14** – An ceart chun saoirse smaoinimh, comhfheasa agus reiligiúin

**Airteagal 30** – An ceart ag páistí ar baill iad do mhionlaigh a dteanga féin a úsáid, sult a bhaint as a gcultúr féin agus a reiligiún féin a chleachtadh

**Airteagal 31** – An ceart chun scíthe, chun súgartha agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí fóillíochta, cultúrtha agus ealaíonta

**Airteagal 13 agus 17** – An ceart chun eolas a fháil agus a roinnt (trí na mórmheáin chumarsáide fosta) fad is nach mbíonn an t-eolas lena n-aimhleas féin ló le haimhleas daoine eile

## C. Féiníomhá Dhearfach

Léigh amach, Is duine Speisialta mé, leis an rang agus úsáid na ceisteanna a leanas chun díospóireacht ranga a éascú:

- An gceapann tú toisc go bhfuil gach duine difriúil óna chéile gur sin cuid den ní a dhéanann gach duine speisialta?
- An n-aontaíonn tú go bhfuil gach duine difriúil agus cothrom?

**Is duine Speisialta mé**

Údar anaithnid

Is duine speisialta mé, níl duine ar bith eile ar domhan cosúil liom. Ó thús ama, ní raibh duine ar bith eile cosúil liom. Ní dheanann duine ar bith gaire cosúil liom. Níl mo shúile, mo shrón, mo lámha, mo ghuth cosúil le duine ar bith eile. Is duine speisialta mé.

Ní féidir teacht ar dhuine a bhfuil mo lámhscríbhneoireacht aige. Níl an dúil chéanna ag duine ar bith eile i mbia, i gceol, nó in ealaín a bhfuil dúil agam iontu. Ní fheiceann duine ar bith rudaí mar a fheicim féin iad. Ó thús ama, ní raibh duine ar bith ann a rinne gáire mar a rinne mise é, a chaoin mar a chaoinim féin. Agus an rud a chuireann ag gáire nó ag caoineadh mise ní chuirfidh sé duine ar bith eile ag gáire nó ag caoineadh.

Ní théann duine ar bith eile i ngleic le scéal mar a dhéanaim féin é. Is duine speisialta mé. Is mé an t-aon duine amháin a cruthaíodh a bhfuil m'ábaltachtaí aige. Ar ndóigh beidh duine ann i gcónaí atá níos fearr ag rudaí ná mé, ach níl duine sa chruinne ar féidir leis caighdeán mo thallann, idéil, ábaltachtaí agus mothúcháin a bhaint amach. Tá sé cosúil le seomra lán uirlisí ceoil. Is féidir le cuid acu bheith thar barr leo féin, ach ní féidir le ceann amháin leis féin bheith inchurtha leis an ilchumas fuaime nuair atá siad uile seinnte le chéile. Is ilchumas fuaime mé.

Go deo na ndeor, ní bheidh an chuma chéanna ar dhuine mar atá orm féin. Ní bheidh siad ábalta siúil nó smaoineamh mar a dhéanaim féin é. Is duine speisialta mé. Is duine as an ghnách mé agus tá luach mór le rud ar bith as an ghnách. Toisc mo luach mór, ní gá dom aithris a dhéanamh ar dhaoine eile.

Glacfaidh mé leis – sea glacfaidh, ceiliúrfaidh mé – mo dhifríochtaí.

Is duine speisialta mé.[2]

[2] Ó: Scoil Cúram Páiste Praiticiúil, Cúrsa Cúntóirí Riachtanas Speisialta (seomra ranga), r.4

## Gníomhaíochtaí Fairsingithe Roghnacha

**1. Eochairfhocail**

Roghnaigh ó roinnt gníomhaíochtaí a mholtar thíos chun tuiscint agus úsáid na n-eochairfhocail a leanas ón Aonad a fhorbairt i measc na bpáistí.

- Céannacht
- Uathúil
- Cearta an Duine
- Coinbhinsiún
- Comhionannas

Maisigh na focail ar theimpléid 'bríce' agus cuir iad ar bhalla chearta an duine.
Aimsigh an méid is féidir focail bheaga leo laistigh den fhocal féin.

Obair foclóra:
Meaitseáil an focal leis an mhíniú a scairteann an múinteoir amach (féach gluais ar leathanach 111 den acmhainn seo)

Thiocfadh leis an mhúinteoir roinnt míniúchán a scairteadh amach ar fhocal ar leith agus caithfidh na páistí an ceann ceart a roghnú. Ina áit sin, thiocfadh leis na páistí míniúcháin an fhocail a chumadh agus iad a chlárú i bhfoclóir chearta an duine. (Féach na Gníomhaíochtaí Tacaíochta le hÚsáid fud fad an Chláir seo ar leathanach 12 den acmhainn seo).

**2. Obair Dialainne Machnaimh**

Is dócha gur mian leat deis a thabhairt do na páistí a mothúcháin a scríobh síos ina ndialanna machnaimh. Is féidir leo an rud a d'fhoghlaim siad, cad é mar a mhothaíonn siad, rud éigin faoina bhfuil siad buartha srl. a thaifead.

**3. Am Ciorcail Cluiche Ainmnithe**

Nuair atá siad ina suí ina gciorcal, mínigh do na páistí gur fhoghlaim muid go bhfuil an ceart againn uile ainm bheith orainn le linn an cheachta (airteagal 7, CCL). Ní amháin go bhfuil an ceart againn, tá an ceart againn go mbeadh meas ár n-ainm maith (clú) agus é a chosaint (airteagal 16, CCL). Mínigh dóibh go mbeidh siad ag súgradh cluiche ainmnithe. Iarr ar gach duine acu le smaoineamh ar fhocal a deir rud éigin dearfach agus urramach faoin duine atá ina shuí ar thaobh na láimhe clé. Ba chóir go dtosódh an focal leis an litir céanna lena dtosaíonn ainm an duine sin – mar shampla, 'Tá Cáit cineálta'. Gabh thart ar an chiorcal ag iarraidh ar na páistí an focal ar a smaoinigh siad a rá. Fiafraigh de na páistí cad é mar a mhothaíonn siad nuair a dhéantar iad a mholadh. Iarr orthu uile sa rang le haontú go dtabharfaidh siad a n-ainm féin orthu nó ainm is maith leo agus go gcosnóidh siad ceart a chéile dá n-ainm maith, taobh istigh agus taobh amuigh den scoil.

**4. Díospóireacht: Ag Baisteachán**

Más ceist ar leith é baisteachán neamhfhóirsteanach i bpobal na scoile, b'fhéidir gur mhian leat an deis seo a thapú an drochthionchar agus iarmhairtí atá le baisteachán a phlé a thuilleadh. Is féidir an díospóireacht seo a bhunú ar Airteagal 16 CCL, a deir go bhfuil an ceart againn ainm bheith orainn, agus an t-ainm sin a urramú. Téamaí 'leasainmneacha' a fhiosrú leis na páistí. (An bhfuil leasainm ort? An maith leat do leasainm?) Pléigh na mothúcháin dhiúltacha a chruthaíonn an baisteachán seo. Iarr ar na páistí na mothúcháin seo a chur i gcomparáid leis na mothúcháin a fhaigheann siad nuair a úsáidtear a n-ainm ceart nó téarmaí dearfacha.


**5. Colláis Mhéar-Phriontála Ranga**

Chun coincheap céannachta uathúla a dhaingniú, thiocfadh leis an rang colláis a fhorbairt lena méara. Tabhair píosa seilitéipe do gach páiste. Iarr orthu méar amháin dá gcuid a chur sa dúch dubh/snas bróg, srl. (tabhair faoi deara: ní oibríonn dúch dubh go maith) agus an mhéar a chur ar an taobh 'greamaitheach' den seilitéip. Greamaigh an méarlorg sin den cholláis.

**6. Ár gCéannachtaí a fhiosrú: Céannachtaí Aonaracha agus Grúpaí**

Iarr ar na páistí cúig rud fúthu féin a scríobh síos ar leabhráin nóta. Is féidir leis na cúig phíosa eolas a thabhairt ar a saintréithe aonaracha (dath gruaige, súile srl), caitheamh aimsire, rudaí a bhfuil dúil acu ann/nach bhfuil dúil acu ann/foirne ina bhfuil siad ina mball díobh, ábhair ina bhfuil suim acu ann, srl. Mínigh gur gnéithe de chéannacht iad.

Agus na cúig rudaí scríofa acu, iarr orthu na nótaí a chur orthu féin. Siúlann na páistí thart ar an seomra ag amharc faoi choinne nótaí ar a bhfuil eolas cosúil leis an eolas atá ar a nótaí féin. Déanann siad grúpaí leis na páistí a bhfuil eolas den chineál céanna acu. Sna grúpaí nua, cinneann siad cad iad na gnéithe dá gcéannacht a fhóireann don ghrúpa agus iad nach bhfóireann.
Is féidir leis an mhúinteoir na ceisteanna a leanas a úsáid le cuidiú leis an díospóireacht…
Cad iad na gnéithe den chéannacht ar dhírigh tú orthu?
An raibh sé deacair daoine eile leis na céannachtaí céanna a aimsiú?
Cad iad na gnéithe céannachta atá ag daoine ó tháinig siad ar an saol agus cad iad na cinn a roghnaímid?



**7. Gníomhaíocht Uile-Scoile – Dul i ngleic le Bulaíocht**

Is féidir an díospóireacht ar an cheart chun ainm bheith ort agus na mothúcháin a bhíonn ann mar gheall ar bhaisteachán a úsáid chun tús a chur le cód cleachtais frithbhulaíochta, ina mbeadh páirt ghníomhach ag na páistí an cód a dhréachtú. Tá na gníomhaíochtaí san aonad seo oiriúnach le húsáid mar chuid de lá d'imeachtaí chun an téama bulaíochta a fhiosrú. I ndiaidh na ngníomhaíochtaí seo, is féidir cineálacha eile iompraíochta ina dtiocfadh le páistí bheith páirteach ann, gan fhios acu go bhfuil siad ag gortú daoine, a fhiosrú. Is féidir le mana scoile, a léiríonn meas ar a chéile, bheith ina thoradh maith ón lá imeachtaí seo.



**8. Nascadh Idirscoile (TE san áireamh)**

Thiocfadh leis na páistí cineál de leabhrán pas a dhéanamh ina mbíonn eolas ar a gcearta daonna agus é a mhalartú le páiste eile sa rang/scoil lena bhfuil do rang/scoil nasctha.

Mar atá le feiceáil i Leathan Oibre 1, tá gach seans ann go mbeadh ceisteanna íogaireacha sa chleachtadh seo agus ba chóir é a oiriúnú nuair atáthar á úsáid mar ghníomhaíocht idirnasctha. Thiocfadh leat iarraidh ar na páistí céannacht ficsin a chruthú dóibh féin, agus mar sin an ghníomhaíocht a thiontú ina chleachtadh scríbhneoireachta chruthaithí.

Mar rogha eile thiocfadh leis na páistí tabhairt faoi thuilleadh eolais a fháil ar a gcéad ainm/faoi ainm a dteaghlaigh agus an méid a d'fhoghlaim sé/sí a mhalartú le páiste i scoil eile.

Má tá do rang/scoil nasctha le rang/scoil eile agus tá rochtain ag an dá cheann ar ríomhphost nó ar fhíschomhdháil, thiocfadh leat na teicneolaíochtaí seo a úsáid le cur ar chumas na bpáistí iad féin a chur in aithne do pháistí eile agus iad a chur faoi agallamh bunaithe ar na ceisteanna agus freagraí ina bpas ceart daonna.

# 2. Mise agus Tusa

**Nótaí do Mhúinteoirí:**

Is tábhachtach an tionchar a imríonn ár **gcaidrimh** le daoine eile ar ár saol. Agus roinnt de na caidrimh seo á fhiosrú againn, cuirfidh na páistí tús leis an tuiscint faoina dtábhacht. Trí fhéin-sainmhíniú a fhiosrú maidir le daoine eile, fiosróidh na páistí na coincheapa ar **pheirspictíocht** agus **ar idirspleáchas a théann leis chomh maith.**

Trí dhíospóireacht ar an éifeacht agus iarmhairtí ár ngníomhaíochtaí ar chaidrimh, spreagfar feasacht na bpáistí ar a bhfreagrachtaí chun caitheamh le daoine eile, agus leo féin, le meas.

Díríonn cuid mhór de na gníomhaíochtaí sa cheacht seo ar an choincheap na peirspictíochta. Tá sé deacair againn rudaí a fheiceáil ó thuairim dhifriúil eile agus caithfear an scil seo a fhorbairt. Go deimhin, fud fad an aonaid, spreagtar na páistí go rialta le hamharc ar staideanna agus ó chásanna ó thuairim dhifriúil eile. Beidh tuiscint, meas agus léirthuiscint níos doimhne ag an pháiste ar thuairimí difriúla eile, cé nach gá aontú leo. Is é an aidhm atá leis ná caidrimh shláintiúla, urramacha agus fhreagracha le daoine eile a spreagadh.

**Cuspóirí** – Cuirfear ar chumas na bpáistí:

- A gcaidrimh le daoine eile agus an tábhachta atá le hidirspleáchas a fhiosrú;
- An ábaltacht chun rud éigin a fheiceáil ó thuairim dhifriúil eile (peirspictíocht) a chleachtadh agus a fhorbairt;
- Scileanna amhail fiosrú, éisteacht ghníomhach, ionbhá, díospóireacht, cur i láthair ó bhéal, foghlaim chomhoibríoch agus léiriú cruthaitheach a fhorbairt;
- Freagrachtaí a théann i bhfeidhm ar chaidrimh na bpáistí le daoine eile a aimsiú.

**Acmhainní**

Páipéar bán

Pionsailí/Marcóirí Dathúcháin

Leathain oibre 2 do Gníomhaíocht Fairsingithe Roghnach 4

## A. Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine

Is é sprioc an chleachtaidh seo na cuidiú le páistí le feiceáil go bhfuil ár saol lán de chaidrimh dhifriúla le daoine difriúla.

Fiafraigh de na páistí ar chuala siad an nath cainte ‘Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine’. Iarr orthu smaoineamh ar an chiall atá leis.

Pléigh nathanna eile leis an chiall chéanna leo chun cur in iúl an tábhacht atá le hidirspleáchas agus caidrimh. Iarr a dtuairim ar na páistí ar roinnt abairtí amhail 'Is fearr rith maith na drochsheasamh', 'Gearrann beirt bóthar, 'Ní neart go cur le chéile'.

An féidir leo smaoineamh ar léirithe eile den chineál seo?

Mínigh do na páistí go bhfuil siad ag dul a ainmniú agus a fhiosrú roinnt caidreamh atá acu le daoine eile.

Tarraing líne síos lár an chláir bháin. Scríobh suas 'Cé mé?' ar bharr an cholúin ar an taobh clé.

Mínigh do na páistí go mbeidh siad ag smaoineamh ar róil dhifriúla atá acu ina saol laethúil (mac, mac léinn, cara, srl.). Tosaigh na páistí tríd an chéad dá ról a thabhairt dóibh:

| Cé mise? | |
|---|---|
| Is dalta mé. | |
| Is mac/iníon mé. | |

Iarr ar na páistí suas go dtí cúig ról eile a chur leis an liosta (cara, foireann, captaen, nia, neacht srl.).

Abair leis na páistí go dtiocfadh go mbeadh na róil seo ina róil atá acu maidir le daoine ina dteaghlach, ina scoil nó ina bpobail.

Ag brath ar an rang, thiocfadh le páistí obair leo féin nó thiocfadh an ghníomhaíocht a dhéanamh mar ransú smaointe.

Cuir lipéad ar cholún ar an taobh deis 'Cé leis?'. Ba chóir do na páistí smaoineamh cé leis a mbíonn na caidrimh úd agus críochnaigh an cleachtadh go haonarach nó mar rang.

| Cé mise? | Cé leis? |
|---|---|
| Is dalta mé … | … le mo mhúinteoir |
| Is mac/iníon mé … | … le mo mháthair/m'athair |

## B. An Dóigh a bhFeiceann Daoine Eile Mé

Léigh an dán a leanas leis na páistí. Agus an dán léite fiafraigh de na páistí cad é faoi a raibh an dán.

**An Dóigh a bhFeiceann Daoine Eile Mé**

Trí shúile mo thuismitheoirí tá mé míshlachtmhar agus bím mall do bhéilí,

Trí shúile mo dheartháireacha agus mo dheirfiúracha is CRÁNAS MÓR mé!

Trí shúile mo chomharsana is mé an gasúr maith a dhéanann a dteachtaireachtaí,

Trí shúile mo chairde is duine lán spraoi mé agus ball den bhaicle,

Trí shúile mo mhúinteora tá mé ag éirí sean-aimseartha,

Trí mo shúile féin níl ionam ach Mé FÉIN![3]

[3] In English Alive, Level 3 (1991: London, HarperCollins), Lch. 7. San fhoilseachán seo deirtear gur scríobh páiste darb ainm Daniel an dán seo.

**Peirspictíochtaí**

Iarr ar na páistí beirt lena bhfuil caidreamh acu a roghnú (is féidir leo iad a roghnú ón cholún 'Cé Leis') agus samhlú cad é mar a dhéanfadh na daoine sin cur síos orthu. Is féidir leis seo bheith suimiúil má roghnaíonn siad cara. Ina dhiaidh is féidir leo fiafraigh dá gcara cad é mar a chuirfeadh siad síos orthu agus feiceáil cé comh cóngarach a bhí siad. Is féidir leo seo a dhéanamh le tuismitheoirí nó múinteoirí (is féidir leis na scéalta bheith suimiúil!). Iarr orthu trí dhóigh a dtiocfadh leis na daoine seo cur síos a dhéanamh orthu agus smaoineamh ar chúiseanna a dhéanfadh an cur síos orthu ar an bhealach sin.

**Gníomhaíocht Fairsingithe Roghnach 4**: Iarr ar na páistí Leathan Oibre Agallaimh 2 leathanach 85 a chomhlíonadh).

**Freagrachtaí**

Ag tógáil ar na coincheapa idirspleáchais, caidrimh agus peirspictíochta, tá sé mar aidhm ag na ceisteanna a leanas faoi fhreagracht/fhreagrachtaí feasacht a spreagadh i measc na bpáistí ar an tionchar atá ag saol daoine ar a chéile ar bhealach dearfach agus diúltach.

Cad iad na freagrachtaí atá agat, a shíleann tú, maidir leis an dá chaidreamh ar a raibh tú ag smaoineamh ar na mallaibh?

Cad iad na freagrachtaí atá ag bheirt, a shíleann tú, ar a raibh tú ag smaoineamh i dtaca leat féin?

**Caidrimh 'Thábhachtacha'**

Ar na caidrimh a d'aimsigh tú sa chéad ghníomhaíocht, cad iad na cinn is tábhachtaí agat?

Cad chuige?

Tá gach caidreamh tábhachtach, ach tá roinnt caidreamh áirithe tábhachtach ag pháistí ag fás aníos.

Tá seo aitheanta sa Coinbhinsiún um Chearta an Pháiste.

Amharc ar an leagan simplí de chearta an pháiste leis na páistí (thiocfadh leis seo feidhmiú mar shúil siar maith sula dtéitear ar aghaidh chuig Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine (Aonad 3) má d'úsáid na páistí na hábhair Suas Linn cheana), iarr ar na páistí teacht ar chearta a bhaineann lenár gcaidrimh le daoine eile.

**Nótaí do Mhúinteoirí don díospóireacht thuas ar chaidrimh thábhachtacha:**



Airteagail Molta sa Choinbhinsiún um Chearta an Pháiste a dhéanann tagairt do chaidrimh:

**Airteagal 18 agus Airteagal 20** – An ceart go dtabharfaidh a dtuismitheoirí nó a gcaomhnóirí aire dóibh (An ceart chun teaghlaigh)

**Airteagal 28** – Ceart chun oideachais (tá gá le múinteoir maidir leis seo)

**Airteagal 30** – An ceart ag páistí ar baill iad do mhionlaigh a dteanga féin a úsáid, sult a bhaint as a gcultúr féin agus a gcreideamh féin a chleachtadh (An ceart chun pobail)

**Airteagal 31** – An ceart chun súgartha (cuimsiú i gcluichí, bréagán agus trealamh spóirt a roinnt)

## C. Filíocht: Peirspictíocht a Fhiosrú

Is acmhainn úsáideach é an dán a leanas, *Is Difriúil iad Eilifintí do Dhaoine Difriúla* le Carl Sandburg, chun peirspictíocht a fhiosrú leis an rang. Thiocfadh leis bheith úsáideach le páistí a spreagadh chun a dtuairimí féin a fhorbairt, in áit glacadh le tuairimí a gcairde nó na ndaoine úd a bhfuil meas acu orthu.

Léigh an dán amach os ard leis na páistí. Agus an dán léite agat, is féidir leat na páistí a chur chun cainte i ngrúpobair nó díospóireacht ranga faoin teachtaireacht agus smaoinimh istigh sa dán.

***Is Difriúil iad Eilifintí do Dhaoine Difriúla*** [4]

**le Carl Sandburg**

Sheas Wilson agus Pilcer agus Snack roimh zú na n-eilifintí.

'Cad é an t-ainm atá uirthi? a dúirt Wilson. An ón Áise nó ón Afraic atá sí? Cé a thugann bia di? An fireannach nó baineannach atá sé? Cé chomh sean is atá sí? An bhfuil cúpla acu? Cá mhéad a chosnaíonn sé bia a thabhairt di? Cé chomh trom is atá sí? Má fhaigheann sí bás, cá mhéad a bheadh ar cheann eile? Má fhaigheann sí bás, cad é an úsáid a bhainfidh siad as a cnámha, a geir agus a craiceann? Cad é an úsáid atá léi ach le hamharc uirthi?'

*Ní raibh ceist ar bith ag Pilcer: bhí sé ag déanamh monabhair leis féin, 'Is teach í léi féin, ballaí agus fuinneoga, tháinig na cluasa ó ghoirt arbhair, ag Dia; seasann sé mar a bheadh droichead ann trasna uisce domhain; tá an aghaidh brónach agus tá na súile cineálta; Tá a fhios agam go mbíonn eilifintí cineálta dá mbabaithe.'*

D'amharc Snack suas agus síos agus dúirt sé leis féin, 'Tá cuma chrua air ar an taobh amuigh agus tá mé cinnte go bhfuil croí láidir ann. Tá mé cinnte go bhfuil sé chomh láidir le coire copar-seamaithe ar an taobh istigh.'

Ní dhearna siad argóint.

Níor cháin siad a chéile.

Chonaic triúr fear na heilifintí ar thrí bhealach éagsúla agus fágadh mar sin é.

Níor mhill siad tráthnóna grianmhar anDomhnaigh;

'Tagann an Domhnach

uair amháin sa tseachtain' a dúirt siad lena chéile.

**Díospóireacht Ranga:**

Úsáid an téacs seo mar ábhar díospóireachta don ranga le fáil amach cé chomh furasta/deacair atá sé:

- Glac leis go mbeadh tuairimí difriúla ag daoine eile nó go bhfeiceann siad rudaí (staid, nó rud) go difriúil

Lean leis seo trí iarraidh ar na páistí smaoineamh ar thábhacht peirspictíocht na heilifinte fúithi féin agus cad é an pheirspictíocht sin. Iarr ar na páistí an rud a shíleann siad faoin dóigh a n-amharcann an eilifint uirthi féin a scríobh nó a tharraingt agus cad é mar ba mian léi go bhfeicfeadh daoine eile í.

[4] In Niall McMonagle (Ed.), Real Cool: Poems to Grow Up With, Mercier Press.

## Gníomhaíochtaí Fairsingithe Roghnach

**1. Eochairfhocail**

Roghnaigh idir roinnt gníomhaíochtaí thíos faoi chun tuiscint agus úsáid na bpáistí ar na heochairfhocail a leanas ón Aonad a fhorbairt.

- Peirspictíocht
- Idirspleáchas
- Caidreamh
- Meas




Scoil Náisiúnta Sinsearach Chois Bá, Baile Átha Cliath 13

Maisigh na focail ar theimpléid 'bríce' agus cuir le balla chearta an duine.

Aimsigh a oiread focal beag is féidir leo laistigh den fhocal.

Obair foclóra:

Meaitseáil an focal leis an mhíniú a scairteann an múinteoir amach (féach gluais ar leathanach 111 den acmhainn seo)

Thiocfadh leis an mhúinteoir roinnt míniúchán a scairteadh amach ar fhocal ar leith agus caithfidh na páistí an ceann ceart a roghnú. Ina áit sin, thiocfadh leis na páistí míniuchán an fhocail a chumadh agus iad a chlárú i bhfoclóir chearta an duine. (Féach na Gníomhaíochtaí Tacaíochta le hÚsáid sa Chlár seo ar leathanach 12 den acmhainn seo).

**2. Obair Dialann Mhachnaimh**

Is dócha gur mian leat deis a thabhairt do na páistí a mothúcháin a scríobh síos ina ndialanna machnaimh. Is féidir leo an rud a d'fhoghlaim siad, cad é mar a mhothaíonn siad, rud éigin faoina bhfuil siad buartha srl. a chlárú.

**3. An Dóigh a bhFeiceann Daoine Eile Mé**

Ag leanúint na léitheoireachta An Dóigh a bhFeiceann Daoine Eile Mé leis an rang, iarr ar na páistí obair le chéile, go haonarach, i bpéirí nó i ngrúpaí beaga chun:

- A leagan féin den dán *An Dóigh a bhFeiceann Daoine Eile Mé*

*NÓ*

- Pictiúr a phéinteáil nó colláis a dhéanamh a léiríonn cad é mar a shíleann siad go mbraitheann daoine eile iad.

**4. Whole School Activity – Interviews**

Roimh thús a chur leis an ghníomhaíocht seo, fiafraigh de bhaill foirne an mbeidís sásta cuidiú leis an cheacht faoi chaidrimh atá tú ag teagasc trí ligean do na páistí iad a chur faoi agallamh.

Má ligeann, agus ag brath ar líon agus éagsúlacht fhoireann na scoile, roinn an rang ina bpéirí nó i ngrúpaí beaga. Glacfaidh gach péire/grúpa freagracht as ball foirne scoile amháin a chur faoi agallamh. Ba chóir go mbeadh róil fhoirne atá ag glacadh páirte bheith a ilghnéithí agus is féidir.[5] Tabhair cóip de Leathan Oibre 2 do gach péire/grúpa.

Roimh thús a chur leis na hagallaimh, thiocfadh leis na páistí an Leathan Oibre a líonadh isteach agus tuar a dhéanamh faoi fhreagraí a thabharfaidh an t-agallaí.

[5] I bhfocail eile, ba chóir go mbeadh baill fhoirne ón fhoireann teagaisc le róil dhifriúla (foireann bhuan, múinteoirí ionaid, múinteoirí nó cúntóirí agus foireann choimhdeach) chomh maith leis an phríomhoide/nó leas-phríomhoide, foireann riaracháin, foireann ghlantacháin agus chothabhála san áireamh.

Cuir i gcuimhne do na páistí go bhfuil an ceart ag gach duine do phríobháideachas agus gur féidir meas bheith acu air trí insint don bhall foirne atá faoi agallamh acu nach gá di/dó ceist a fhreagairt mura mhaith léi/leis.

- Iarr ar gach péire/ar ghrúpa páiste amháin a thoghadh leis an fhreagracht a ghlacadh chun na freagraí a fhaigheann siad a scríobh síos.
- Nuair a fhilleann siad ón t-agallamh, iarr orthu tuairisciú don chuid eile den rang.
- Ansin iarr ar gach péire/ar ghrúpa a leathanach comhlánaithe a chur ar an bhalla, mar chuid den taispeántas.
- Mol do na páistí amharc ar an taispeántas anois agus arís chun cur i gcuimhne dóibh cad é a dúirt na daoine a chuir siad faoi agallamh, go háirithe maidir le cad é is féidir le páistí a dhéanamh le cuidiú lena róil sa scoil a dhéanamh níos fusa agus le níos mó suilt a bhaint astu.

Is féidir leis an ghníomhaíocht a úsáideadh bheith ina bhonn do thionscadal níos doimhne ar chearta an duine. Féach Aonad 10 do threoirlínte eile.

**Nótaí do Mhúinteoirí**

Más ró-bheag líon fhoireann na scoile chun tabhairt faoin ghníomhaíocht go héifeachteach, meas na dóigheanna ar féidir leat í a oiriúnú – mar shampla thiocfadh leat:

- Tacaíocht a thabhairt do na páistí líon beag dá bpiaraí a roghnú le dul faoi agallamh ar a son. Bunaithe ar thorthaí na n-agallamh, thiocfadh leis na páistí obair le chéile mar rang chun liosta de rudaí a dhéanfaidh siad chun saol laethúil bhaill eile na scoile a fheabhsú.
- Machnamh a dhéanamh le cur ar chumas an ranga tabhairt faoi ghníomhaíocht choibhéiseach le daoine eile ag obair sa phobal áitiúil.
- Mar rogha eile do na daltaí is féidir leo tabhairt faoin ghníomhaíocht seo le daoine aonaracha óna bpobal aghaidh le haghaidh, thiocfadh cumarsáid a dhéanamh leis na hagallaithe trí ríomhphost nó litir a chur.
- Tá cuid mhór scóip ann le haghaidh scríbhneoireachta cruthaithí nó rólghníomhaíocht bunaithe ar an chleachtadh seo. Is féidir leis na páistí cásanna scríofa nó cásanna ó bhéal a chumadh, a chiallaíonn go nglacfadh siad féin ról duine ina bpobal, amhail póilín nó dochtúir.

**5. Nasc Idirscoile (TE san áireamh) – Déan Comparáid agus Codarsnacht idir Freagrachtaí**

Iarr ar na páistí ról amháin a aimsiú atá coiteann dóibh uile (dalta mar shampla). Tabhair tacaíocht dóibh chun tabhairt faoi thionscadal ranga ina ndéanann siad comparáid agus codarsnacht idir freagrachtaí agus ionchais a bhaineann lena dtaithí ar an ról seo leis an ról a bhíonn ag páistí:

A. Le linn tréimhse staire atá á fiosrú acu mar chuid den churaclam staire

*NÓ* B. I dtír eile agus/nó i gcultúr eile faoina bhfuil siad á fháil amach mar chuid dá bhfoghlaim faoin domhan atá thart orthu.

*NÓ* C. Má tá do rang/scoil nasctha le rang/scoil eile, thiocfadh leat an tionscadal seo a úsáid mar dheis chun comparáid agus codarsnacht a dhéanamh idir saol scoile sa dá phobal.

Ina áit sin, is féidir tabhairt faoi thionscadal A nó B mar chomh-thionscadal, má tá do rang/scoil nasctha le rang/scoil eile, leis na páistí ón dá scoil ag roinnt a bpeirspictíochtaí agus eolas lena chéile, agus TE san áireamh.

# 3. Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine



**Nótaí do Mhúinteoirí:**

Sa dara acmhainn den tsraith seo, Suas Linn (ar chóir teacht roimh an acmhainn seo), tugadh **An Coinbhinsiún** um Chearta an Pháiste (CCP) faoi bhráid na bpáistí.

Cé nach féidir é a shainmhíniú go furasta, is cur síos coitianta ar chearta daonna é gur cearta iad a bhfuil daoine ina dteideal toisc gur daoine iad, beag beann ar 'chine', ghnéas, chollaíocht, eitneacht, theanga, chathróireacht, náisiúnacht nó ar chumais. I dteanga níos simplí, teanga níos inrochtana do pháistí, b'fhéidir gur mhian leat iad a shainmhiniú mar nithe atá de dhíth ag gach duine daonna chun saol, fada, sásta, sláintiúil, bheith acu. Is riachtanais bhunúsacha dhaonna iad agus íoschaighdeáin mhaireachtála.

Sa cheacht seo, cuirtear na cearta in iúl do na páistí (agus freagrachtaí comhfhreagracha) i n**Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine** (DUCD). Fiosróidh siad an comhthéacs stairiúil as ar éirigh an DUCD agus éabhlóid chearta an duine go ginearálta.

Ina theannta sin, tá sé mar aidhm ag an cheacht seo le cur ar chumas páistí an fáth bunúsach a bhfuil cearta an duine **cothrom againn** a fhorbairt agus a thuiscint: an fíoras go bhfuil dínit ag gach duine daonna. Trí chumasú na bpáistí iad féin a chur i gcás Hana Brady, cailín 13 bliain d'aois, a fuair bás in Auschwitz, tá sé mar aidhm ag an cheacht seo fios a chur ar pháistí go bhfuil gach duine i dteideal na cearta daonna céanna toisc a gcomhdhaonnacht coitianta nó **dínit**.

**Béarlagair a Shoiléiriú!**

Forógra: I gcomhthéacs na Náisiún Aontaithe, is léiriú dáiríre tuairime agus rúin é forógra (amhail Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine) déanta ag rialtais, ach ní hé an dlí é.

Coinbhinsiún: Tá siad níos láidre na forógraí toisc go bhfuil ceangal dlí ag rialtais a shínigh é leis m. sh. Coinbhinsiún ar Chearta an Pháiste de chuid na Náisiún Aontaithe. (Is é an CCP an doiciméad is forleithne a daingníodh riamh. Is iad na SA agus An tSomáil am t-aon bheirt nár dhaingnigh é).

**Cúspóirí**

- Na páistí a chur ar an eolas faoi Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine (DUCD);
- TAn seans a thabhairt do na páistí léargas a fháil ar an dóigh ar tháinig an DUCD ar an saol agus cur ar a gcumas an chiall stairiúil agus an fhéidearthacht a bheidh leis an DUCD agus Coinbhinsiún um Chearta an Pháiste (CCP) amach anseo a thuiscint;
- TLe cur ar chumas na bpáistí na dearcaidh amhail ionbhá, agus scileanna amhail fiosrú, machnamh, comhchinnteoireacht, chomhoibriú, éisteacht ghníomhach agus samhlaíocht a fhorbairt.

**Acmhainní**

Do Ghníomhaíocht A:

- Póstaer ar Choinbhinsiún um Chearta an Pháiste
- PPóstaer ar Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine
- Leathan Oibre 3.1, (leathanach 86).

Do Ghníomhaíocht  B:

- Leathan Oibre3.2, (leathanach 87).

Maidir le Gníomhaíochtaí Fairsingithe Roghnacha 6 agus 7:

- Póstaer ar Amlíne Chearta an Duine
- Leathan Oibre 3.3, (leathanach 88).



Sinéad Davitt, Scoil Bhríde, An Droichead Nua, Co. Chill Chainnigh

## A. Na ABCanna de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine!

Fiafraigh de na páistí más féidir leo cuimhne ar shainmhíniú chearta an duine (riachtanais bhunúsacha chearta an duine).

Roimh thabhairt isteach Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine (DUCD), is dócha gur mian leat ransú smaointe a dhéanamh leis na páistí ar cad é a chuimhníonn na páistí ar Choinbhinsiún um Chearta an Pháiste (CCP). D'fhoghlaim na páistí faoi CCP in Suas Linn, an acmhainn a thagann roimh an acmhainn seo.

Nuair a tugadh seans dóibh cuimhne a dhéanamh ar a oiread acu agus is féidir leo, is féidir leat tagairt a dhéanamh don phóstaer CCP le feiceáil ar fhág siad ceart ar bith ar lár.

Agus seo déanta agat, is féidir leat tagairt a dhéanamh don DUCD.

Iarr ar na páistí comparáid agus codarsnacht a dhéanamh ar na cearta atá ar cheann amháin acu nach bhfuil ar an cheann eile.

Cuir in iúl go n-aithníonn DUCD go bhfuil na riachtanais bhunúsacha chéanna ag gach duine agus, mar sin de, go bhfuil na cearta cothroma céanna ag gach duine.

**Nótaí do Mhúinteoirí:**

Tá ‘an ceart chun pósta’ ar DUCD (Airteagal 16), ach níl sé ar CCP;

Tá ‘an ceart chun vótáil’ ar DUCD (Airteagal 21), ach níl sé ar CCP;

Tá ‘an ceart chun súgartha’ ar CCP (Airteagal 31). Bíodh sin mar atá, ar DUCD luann siad an ceart chun ‘scíthe’ agus ‘fóillíochta’ (Airteagal 24);

Tá ‘an ceart chun cúram a fháil uathu siúd a thugann aire dóibh’ ar CCP (Airteagal 7).

Tabhair amach cóip d'Aibítir Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, do gach páiste. Ainmníonn seo na cearta ar DUCD ag úsáid focal aonair.

Gabh síos tríd an aibítir lena chinntiú go dtuigeann na páistí gach ceann de na focail agus/nó tabhair tacaíocht don rang chun a n-aibítir DUCD féin a dhéanamh.

I measc na smaointe comhroghnacha tá: déan na páistí páirteach le túslitreacha DUCD, CCP, an focal CEARTA nó eocharfhocal ar bith eile a tugadh isteach roimhe chun dánta gairide faoi chearta an duine a dhéanamh, ar an dóigh chéanna agus a rinneadh an ghníomhaíocht aibítre.

Thiocfadh leis na páistí crosfhocail nó cuardach focail a dhéanamh chun teacht i dtaithí ar choincheapa a d'fhoghlaim siad go dtí seo. Ag brath ar infheidhmeacht na bpáistí agus/nó freagairt an ranga don cheacht, is féidir le múinteoirí iarraidh ar an rang leideanna comhfheagracha do na gníomhaíochtaí seo a tharraingt nó a scríobh síos.

**Gníomhaíocht Fairsingithe Roghnach 5:** Tugann Obair Meán tuilleadh deiseanna duit chun na cearta sa DUCD a fhiosrú leis na páistí.

## B. Comhthéacs Stairiúil Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine

Leiríonn an ghníomhaíocht seo an chomhthéacs stairiúil as ar tháinig DUCD.

Is dócha gur mian leat an ghníomhaíocht a thosú trí insint do na páistí faoin dóigh ar bunaíodh na NA. Tá Nótaí do Mhúinteoirí thíos le cuidiú leat an scéal seo a insint. Tá eolas breise ar stair na NA agus ar éabhlóid chearta an duine le blianta anuas san áireamh ar mhaithe le d'eolas, ar cúl na hacmhainne seo i rannóg na n-aguisíní (leathanach 105). Más mian leat an fíric nár fhás cearta an duine as an Iarthar sa 20ú aois chun suntais, moltar duit **Gníomhaíochtaí Fairsingithe Roghnacha 6 agus/nó 7 a dhéanamh** ar stair chearta an duine leis na páistí. Os a choinne sin, tá na gníomhaíochtaí seo iontach maith le déanamh nuair atá an acmhainn comhlíonta, mar bhealach chun foghlaim na bpáistí agus a scileanna tuisceana criticiúla a fhorbairt a thuilleadh a dhaingniú.

**Nótaí do Mhúinteoirí:**

Bunaíodh na Náisiúin Aontaithe i ndiaidh dhá chogadh domhanda ag tús 20ú haois. Is é is cuspóir leis gach náisiún a thabhairt le chéile le hobair ar son síochána agus forbartha. Tá na smaointe taobh thiar de na NA forbartha i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, a d'aontaigh na NA sa bhliain 1948. Aithníonn intreoir an Fhorógra seo:

- Fearg daoine le “gníomhartha barbartha” amhail iad siúd sa Dara Cogadh Domhanda;
- Ardmhian daoine bheith beo ar domhan “ina dtaithíonn daoine saoirse urlabhra agus creidimh agus saoirse ó eagla agus ó dhíobháil”;
- Dínit gach duine daonna agus tábhacht chearta an duine;
- Geallúint na NA chun meas ar chearta an duine agus saoirsí i measc gach duine a chur chun cinn.

I ndiaidh amharc ar cearta an duine i DUCD, atá ar eolas ag gach duine go teoiriciúil, fiafraigh de na páistí más féidir leo smaoineamh ar ghrúpa sa stair nár tugadh meas ar a gcearta.

Mínigh do na páistí go bhfuil tú ag dul a léamh sliocht gairid faoi chailín Giúdach trí bliana déag d'aois darb Hana a raibh cónaí uirthi sa tSeicslóvaic le linn An Dara Cogadh Domhanda.

Iarr orthu a súile a dhruidim agus/nó a gceann a chur ar a ndeasc agus éisteacht leis na focail. Mínigh nuair atá sé léite agat, gur mhian leat go ndruidfeadh siad a súile, más mian leo, agus machnamh ciúin a dhéanamh ar cad é mar a mhothaíonn siad mar fhreagairt ar an téacs atá tú ag dul a léamh dóibh.

Tabhair isteach agus léigh téacs an dáin Cás Hana (Leathan Oibre 3.2).

Agus am beag tugtha do na páistí le machnamh a dhéanamh, iarr orthu smaoineamh ar fhocal/nó ar dhath agus/nó ar íomhá le cur ar a gcumas cad é mar a mhothaíonn siad i ndiaidh an sliocht a chluinstin.

Tabhair tacaíocht do na páistí chun an cheist seo ‘An bhfuil cearta an duine tábhachtach?’ a phlé bunaithe ar an méid a d'fhoghlaim siad agus a mhothaigh siad.

## Gníomhaíochtaí Fairsingithe Roghnach

### 1. Eochairfhocal

Roghnaigh idir roinnt gníomhaíochtaí molta thíos chun tuiscint agus úsáid na bpáistí ar na heochairfhocail a leanas ón Aonad a fhorbairt.

- Uilíoch
- Forógra
- Coinbhinsiún
- Dínit
- Comhionannas
- Saoirse

Maisigh na focail ar theimpléid 'bríce' agus cuir le balla chearta an duine.

Faigh a oiread focal beag is féidir a fháil lastigh den fhocal.

Obair foclóra:

Meaitseáil an focal leis an sainmhíniú a scairteann an múinteoir amach (féach gluais ar leathanach 111 den acmhainn seo)

Thiocfadh leis an mhúinteoir roinnt sainmhínithe d'fhocal ar leith a scairteadh amach agus caithfidh na páistí an ceann ceart a roghnú. Ar an taobh eile, thiocfadh leis na páistí sainmhínithe an fhocail a chumadh agus iad a thaifead agus a chur ina bhfoclóir. (Féach Ag Tacú le Gníomhaíochtaí le hÚsáid sa Chlár seo ar leathanach 12 den acmhainn seo).

### 2. Obair Dialann Mhachnaimh

B'fhéidir gur mian leat seans a thabhairt do na páistí a mothúcháin a scríobh ina ndialanna machnaimh. Is féidir leo an méid a d'fhoghlaim siad a thaifead, rud faoina bhfuil siad buartha srl.

### 3. Obair ealaíne

Iarr ar na páistí pictiúr a tharraingt bunaithe ar an chuma a bhí ar Hana dar leo. Is dócha gur mian leat tacú leis an ghníomhaíocht trí iarraidh ar na páistí cuardach idirlín a dhéanamh le feiceáil más féidir leo teacht ar fhótagraif de Hana.

### 4. Páistí agus Cogadh

Más mian leat deis a thabhairt do na páistí chun cinedhíothú sa Dara Cogadh Domhanda a fhiosrú níos doimhne, thiocfadh:

An obair seo a cheangal le Lá Meabhracháin Uileloscaidh, a dhéantar i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann ar 27ú Eanáir, an dáta ar a saoradh daoine in Auschwitz i 1945. Tá eolas cúlra úsáideach ar fáil ar líonláithreán BBC ag, www.bbc.co.uk/history/war/ww2.

Ina áit sin, ag leanúint chás Hana, is dócha gur mian leat an cheist faoi shaighdiúirí páiste tríd an téama páistí agus cogadh a chíoradh.

### 5. Obair Meán

Chuir na páistí i bpéirí agus éascaigh gach péire le hobair le chéile go ceann míosa:

Chun eolas a bhailiú ó fhoinsí meán a léiríonn an chiall atá le focal ar leith DUCD atá ceart sa lá atá inniu ann (.i. eolas agus íomhánna faoina chosaint agus/nó faoina shárú ar bhealach amháin nó níos mó)

Chun smaoineamh faoin dóigh a dtiocfadh leo an méid a d'fhoghlaim siad a chur i láthair den chuid eile den rang agus, dá bharr sin, é a roinnt leo (mar shampla, caint, cairt balla, colláis, leabhar gearrthóg, rólghníomhaíocht nó dráma gairid).

**Nótaí do Mhúinteoirí:**

1. B'fhéidir gur mhian leat do dhiscréid féin a úsáid maidir le na cearta a ndéanfaidh na páistí cuardach orthu don tionscadal a chaolú bunaithe ar chastacht na gceart i gceist nó oiriúnacht aoise an ábhair.

2. Úsáid an aibítir DUCD mar phointe tosaithe don tionscadal seo.  Iarr ar gach péire focal/ceart ón aibítir a roghnú mar fhócas dá dtionscadal.

3. ILeoga, déanfaidh gach péire taighde ar chearta difriúla. Bíodh sin mar atá, más mian le roinnt péirí taighde a dhéanamh ar an cheart chéanna, is féidir leat tacú leo ar bhealach ina bhfiosraítear gnéithe difriúla (mar shampla, ag amharc ar a mhéad a bhaineann sé le grúpa daoine nó ceisteanna ag éirí aníos maidir le hábhar i dtír ar leith).

**Tá gníomhaíochtaí 6 agus 7 fíormhaith le déanamh ar chríochnú na hacmhainne seo, mar bhealach chun foghlaim na bpáistí a dhaingniú agus a scileanna smaointe criticiúla a fhorbairt níos mó.**

### 6. Cluiche Dísle

Chun tacú le tuiscint na bpáistí ar stair agus ar chothú chearta an duine le himeacht aimsire, is féidir leo an cluiche "Amlíne Chearta an Duine" a imirt ar an phóstaer a théann leis an leabhar seo. Tá díslí agus áiritheoirí de dhíth orthu. Feictear tuilleadh treoracha ar an phóstaer.

### 7. Stair Chearta an Duine

Chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do thuiscint na bpáistí ar stair chearta an duine agus chun cur leis an chluiche dísle thuasluaite, b'fhéidir gur mhian leat tamall a chaitheamh ar na heilimintí a leanas ar chearta an duine a phlé agus a fhiosrú.

Fiafraigh de na páistí cá huair a shíleann siad a tháinig cearta an duine chun saoil agus fáthanna a thabhairt ar a bhfreagraí.

Cuir an póstaer ar taispeáint in áit a dtig le gach páiste é a fheiceáil. Ag úsáid "ceo na haimsire" mar phointe tosaithe, mínigh gur ann don bharúil faoi chearta an duine leis na mílte bliain.

Leis sin féin, thiocfadh go raibh ainmneacha eile air ag pointí difriúla sa stair.

Dáil amach Leathan Oibre 3.3, "Amlíne Chearta an Duine" ar na páistí.

Scar na páistí ina bpéirí agus iarr orthu obair le chéile:

Cuir líne faoin fhocal ‘cearta’ áit ar bith atá sé ar an amlíne;

Cuir ciorcal thart ar fhocail nó ar fhrásaí ar an amlíne a shíleann siad atá ar comhchiall agus ar rud ar a dtugaimid ‘cearta an duine’ anois.

Cuir fáilte roimh aiseolas ó na páistí. Iarr orthu na háiteanna atá ainmnithe ar an amlíne a aimsiú ar an léarscáil.

Mínigh do na páistí ní amháin go ndeachaigh an teanga chun cinn, ach chuaigh ciall chearta an duine chun cinn le himeacht aimsire. Tá na hathruithe nasctha le rudaí a tharla in áiteanna ar leith, ag amanna ar leith. Tabhair le fios go dtugann ciall na gcineálacha athruithe a tharla thar na céadta bliain faoi cheisteanna amhail:

Cé aige a bhfuil cearta?

An do gach duine atá cearta?

Ar chóir go mbeadh na cearta céanna ag gach duine?

Ar chóir go mbeadh cearta comhionanna ag gach duine?

An bhfuil roinnt ceart níos tábhachtaí na cearta eile?

Úsáid an tábla thíos faoi chun roinnt samplaí ar athrú béime atá molta ar an amlíne a thabhairt do na páistí. Tabhair deis do na páistí moltaí a dhéanamh iad féin i dtús báire faoi chuid de na samplaí.




Amy Ó'Connor, Scoil Náisiúnta Shinsearach na Tríonóide Ró-Naofa, Domhnach Míde, Baile Átha Cliath 13

Ábhar Amlíne Béim ar …

| **Ábhar Amlíne** | **Béim ar …** |
|---|---|
| **1200s** | |
| Magna Carta | … cearta grúpa ar leith: barúin fheodacha a bhfuil pribhléidí agus cumhacht acu |
| **1700s** | |
| Bunreachtanna | … eocharphrionsabal chearta an duine: comhionannas |
| Meiriceánacha agus Francacha | … sainghrúpa ceart: cearta sibhialta agus polaitiúla |
| **1800s** | |
| Karl Marx | … cearta sainghrúpa: lucht oibre |
| Cealú Sclábhaíochta | ……………………………………Cealú Sclábhaíochta |
| An Nua-Shéalainn | … saincheart do shainghrúpa: an ceart ag mná chun vótáil |
| **1900s** | |
| DUCD, CCP | |
| Amnesty Idirnáisiúnta | … Forbairtí idirnáisiúnta do chearta an duine |
| An India, An Afraic Theas | |
| An Iaráin | … I mbun feachtais do chearta an duine trí neamhfhoréigean |

**8. Díospóireacht – "Mura dtuigimid an t-am atá caite, tá sé i ndán dúinn é a dhéanamh arís".**

Úsáid léamh eile ar Chás Hana mar bhunús do dhíospóireacht ranga:

- An bhfoghlaimímid faoin stair chun foghlaim ón stair?
- Cad é is féidir a fhoghlaim ón stair?
- Cad é is fiú é cuimhneamh ar ócáidí nó iad a chomóradh?

**9. Gníomhaíocht Scoile Iomláine – Ag Tabhairt Chearta an Duine Abhaile**

Ag leanúint Ghníomhaíocht C, 'Cás Hana' thiocfadh leis na múinteoirí ceist a chur ar na páistí an bhfuil aithne acu ar dhuine ina bpobal, ar leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal idirnáisiúnta, nach bhfuil ag urramú chearta an duine.

Thiocfadh tionscadal ranga éirí as seo i bhfoirmeacha éagsúla.

I gcás nuair atá an fócas ar an phobal ar leibhéal náisiúnta, thiocfadh leis an rang agallamh nó cuairt ranga a shocrú ó dhuine aonarach atá ina bhall de ghrúpa ar a ndéantar leithcheal faoi láthair nó ar a ndearnadh leithcheal san am atá caite.

I gcás nuair nach bhfuil seo indéanta, thiocfadh leis an rang taighde a dhéanamh ar staid chearta an duine maidir le grúpa ar leith ag úsáid TE.

Thiocfadh torthaí an tionscadail seo a chur ar thaispeántas balla sa rang nó go poiblí, a thiocfadh leis an scoil iomlán é a fheiceáil. Ina áit sin, thiocfadh leis an rang cur i láthair a dhéanamh ar thorthaí a dtioncadail ag tionól scoile.

**10. Gníomhaíocht Scoile Iomláine/Gníomhaíocht Ranga – Tuiscint ar chearta an duine a imeascadh i saol na scoile**


Roghnaigh croíphrionsabail chearta an duine atá cumhdaithe sa DUCD (m.sh. dínit, comhionannas, uilíoch, meas, saoirse, ceartas, síocháin).

Tabhair isteach ceann de na luachanna don rang ar bhonn coicíse agus oibrigh leis na páistí chun é a imeascadh san fhoghlaim curaclaim, gníomhaíochtaí seomra ranga agus/nó saol laethúil na scoile le linn na tréimhse sin. Más féidir, thiocfadh leis an rang ról ceannaireachta a glacadh ar imeascadh an phrionsabail ar bhonn scoile iomláine – trí, mar shampla:

- Tionól a dhéanamh ar an phrionsabal;
- Oibriú i bpéirí chun cuairt a thabhairt ar ranganna eile sa scoil le labhairt leo faoi;
- An prionsabal a aistriú ina ghníomh laethúil inbhainistithe laistigh den scoil;
- Cholláis nó píosa taispeántais choibhéisigh ar an phrionsabal i gceist a dhéanamh agus cuairt a thabhairt ar ranganna eile fud fad na scoile chun píosaí le dul leis a dhéanamh a thiocfadh a chur ar thaispeántas le chéile.

# 4. Freagracht

## Nótaí do Mhúinteoirí



Shannon Quinn, Scoil Náisiúnta Shinsearach Chois Bá, Baile Átha Cliath 13

Mhínigh breitheamh cáiliúil uair amháin an caidreamh idir cearta agus freagrachtaí ag rá "Stopann mo **cheart** chun mo dhorn a luascadh an áit a dtosaíonn do shrón". I bhfocail eile, ní gan teorainn atá cearta an duine. Cé go bhfuil cearta againn, tá roinnt freagrachtaí ar leith againn chomh maith lena chinntiú go mbíonn meas ar chearta daoine eile agus nach sáraítear iad.

Sa cheacht seo, fiosróidh na páistí coincheap na **freagrachta**, le tagairt speisialta do chearta agus d'fhreagrachtaí san oideachas.

Tá cearta agus freagrachtaí ar aghaidheanna difriúla den bhonn céanna. Tá nasc doréitithe eatarthu – ní féidir ceann amháin bheith agat gan an ceann eile. I dteannta chearta an duine bheith againn, tá **dualgas** orainn **meas** bheith againn ar chearta daoine eile. Mar shampla, cé go bhfuil an ceart agam mo bharúil a chur in iúl, tá an fhreagracht orm gan rudaí a rá a ghortaíonn daoine, atá bréagach nó atá béadchainteach. Nó, leis an sampla 'den cheart chun súgartha', cé go bhfuil an ceart ag gach páiste súgradh, mura mbíonn ann ach aon liathróid tá dualgas ar pháistí an liathróid a roinnt nó sealanna a glacadh le súgradh léi.

Ina theannta sin, má tharlaíonn sé go bhfeiceann na páistí páiste sa chlos scoile nach bhfuil duine aige lena dtig leis súgradh, thiocfadh leo iarraidh air/uirthi súgradh leo. Mar a thaispeánann an sampla deireanach seo, ní amháin go mbaineann dualgas leis an fhreagracht gan rud a dhéanamh a chuirfeadh isteach ar chearta daonna an duine eile, tugann sé le fios chomh maith an dualgas chun rud a dhéanamh le cuidiú le duine a bhfuil gá leis. Feictear cur chuige na freagrachta ar an dóigh seo mar rud éigin atá dearfach agus a dhéanann páistí a chumasú.

**Cuspóirí** – Le cur ar chumas na bpáistí chun:

- Coincheap na 'freagrachta' a fhiosrú agus machnamh a dhéanamh ar fhreagrachtaí laethúla
- Machnamh a dhéanamh ar an chaidreamh atá idir cearta agus freagrachtaí
- Machnamh a dhéanamh ar thábhacht an oideachais agus ar an fhoghlaim faoi chearta agus faoi fhreagrachtaí san oideachas
- Feasacht páistí agus freagrachtaí na rannpháirtithe difriúla faoina gcóras oideachais a spreagadh
- Scileanna amhail ionbhá, anailís agus smaoineamh criticiúil, díospóireacht ghrúpa agus foghlaim comhoibrithe a chleachtadh agus a fhorbairt

**Acmhainní**

Do Ghníomhaíocht B: Leathan Oibre 4.1 (leathanach 89)

Do Ghníomhaíocht C: Leathan Oibre 4.2 (leathanach 90)

Do Ghníomhaíocht D: Póstaer ar Choinbhinsiún um Chearta an Pháiste agus/nó póstaer ar Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine

## Inár Lámha

Léigh amach an sliocht seo a leanas[1], a chuireann os comhair na bpáistí coincheap na freagrachta.

Sa bhliain 1993, bhain Toni Morrison, scríbhneoir Afra-Mheiriceánach, Duais Nobel don Litríocht. Seo sliocht ón léacht a thug sí ar 7ú Nollaig 1993, nuair a chuaigh sí chun a duais a glacadh sa tSualainn.

> 'Fadó fadó bhí seanbhean ann. Dall ach críonna … Cónaigh sí léi féin i dteachín taobh amuigh de bhaile mór. Níl … ceist ar bith ann… faoina críonnacht. Téann an onóir a thugtar di agus an t-iontas atá ann fúithi chuig áiteanna nach ndeachaigh a cos …
>
> Lá amháin tugann roinnt daoine óga cuairt uirthi agus é ar intinn acu … í a nochtadh mar an caimiléir a chreid siad a bhí inti "Seasann siad roimpi, agus deir duine amháin acu, " a Sheanbhean, i mo lámh tá éan. Inis dom cé acu atá sé beo nó marbh."
>
> Freagra níor thug sí, agus cuireadh an cheist arís. "An é beo nó marbh atá an t-éan atá agam?"
>
> Freagra níor thug sí. Tá sí dall agus ní thig léi a cuairteoirí a fheiceáil, gan a bheith ag caint ar cad é atá ina lámha …Níl a fhios aici dath a gcraicinn, a n-inscne nó a dtír dhúchais. Níl a fhios aici ach a rún amháin.
>
> An seal a chaith sí ina tost chomh fada sin, tá dua ar na daoine óga a ngáire a stopadh.
>
> Faoi dheireadh labhraíonn sí agus le guth bog géar. "Níl a fhios agam", a deir sí. "Níl a fhios agam an beo nó marbh atá an t-éan atá agat, ach rud amháin atá a fhios agam go bhfuil sé i do lámha. Tá sé i do lámha."
>
> Is féidir an chiall seo a bhaint as a freagra: más marbh atá sé, tháinig tú air mar sin nó mharaigh tú é. Más beo atá sé, is féidir leat é a mharú. Más beo marbh a bheidh sé, is é do rogha féin é. Pé toradh atá ar an scéal, is é do fhreagracht féin é.'

**Nótaí do Mhúinteoirí:** 

As a gcumhacht agus a dímrí a nochtadh, tugtar leadhbairt do na cuairteoirí óga, inseoidh dóibh go bhfuil siad freagrach ní amháin as an ghníomh magadh ach as an bheart beag beatha a céasadh chun a n-aidhmeanna a bhaint amach. Aistríonn an bhean dall an t-aire ar shiúl ó dhearbhaithe cumhachta chuig an ionstraim trína chleachtar an chumhacht.

Agus an sliocht léite, déan na páistí rannpháirteach i ndíospóireacht ag úsáid na gceisteanna a leanas:

Cad chuige a dtéann na daoine óga chuig an tseanbhean agus chun an cheist a chur uirthi?

(Tá siad ag magadh fúithi/síleann siad gur caimiléir í)

Cad chuige a síleann tú a bhfreagraíonn an tseanbhean ar an dóigh a bhfreagraíonn sí?

(Ní maith léi a n-iompar. Síleann sí go bhfuil sé mífhreagrach).

An aontaíonn tú leis an rud a deir sí? An síleann tú go bhfuil sí chomh críonna agus a shíleann gach duine sa chomharsanacht?

Cad chuige a síleann tú?/Cad chuige nach síleann tú? Cé hé is críonna? An tseanbhean nó na daoine óga a rinne iarracht bob a bhualadh uirthi?

Cad é mar a mhíníonn an scríbhneoir freagra na seanmhná ar na daoine óga? Cad é atá sí a mhaíomh?

[1] Le caoinchead Nobel Foundation

Cad é a shíleann tú faoi iompar daoine óga?

Cad iad na mothúcháin a chuireann an míniú ort smaoineamh faoi fhreagrachtaí bheith agat?

(Mar shampla, an deis, onóir, dúshlán, é an fhreagracht nó an bhfuil sí scáfar, teorantach, cóir nó éagórach? An mbraitheann sé ar cad í an fhreagracht ar leith atá i gceist?)

Is féidir leis  na páistí gníomhaíochtaí scríbhneoireachta chruthaithí nó dráma a dhéanamh i ndiaidh an chleachtaidh seo.

Thiocfadh leo machnamh ar cad é an chéad rud eile a tharla. An ndéanann na daoine óga a leithscéal? An dtuigeann siad gur droch-iompar a bhí ann? An labhraíonn an tseanbhean a thuilleadh leo faoi fhreagracht nó cad é is cóir dóibh a dhéanamh anois?

## B. Ag Amharc go Grinn ar Fhreagracht

Mínigh do na páistí go bhfuilimid ag dul a chaitheamh tamaillín ar choincheap na 'freagrachta' a fhiosrú.

Thiocfadh leat tús a chur leis an ghníomhaíocht seo trí iarraidh ar na páistí cuid obair foclóra a dhéanamh. Iarr orthu an focal a chuardach ina bhfoclóir. Is féidir a shainmhíniú a léamh amach, a scríobh ar an chlár, cóip a dhéanamh agus é a scríobh ina ndialann cearta duine, má tá ceann acu. Ag deireadh an cheachta, b'fhéidir gur mhian leat an deis a thabhairt do na páistí an sainmhíniú seo a mhaisiú le híomhá a gcuireann an focal i gcuimhne dóibh nó a chuidíonn leo é a thuiscint.

Tabhair Leathan Oibre 4.1 dóibh agus abair leo gur mhaith leat go ndéanfaidís smaoineamh faoi fhreagracht.

Cuir ar a suaimhneas iad má bhíonn deacracht acu ráiteas ar bith a líonadh isteach, gur féidir leo é a fhágáil folamh.

Tar le chéile mar rang agus amharc ar na smaoinimh dhifriúla atá ag na páistí faoi fhreagracht.

Is féidir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh go furasta mar ghníomhaíocht ranga iomláin ag brath ar am agus ar leibhéal an ranga. Is féidir leis an mhúinteoir an ransú smaointe ar gach ceist a éascú. Tá liosta de fhreagraí san áireamh i Nótaí do Mhúinteoirí ar leathanaigh 36/37.

## C. Ár gCearta agus ár bhFreagrachtaí

Is féidir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh mar ghníomhaíocht ranga iomláin nó i ngrúpaí beaga:

Cóipeáil an teimpléad ar an chlár nó tabhair cóip de Leathan Oibre 4.2 do gach páiste agus iarr orthu obair i bpéirí nó i ngrúpaí beaga.

I gcás ar bith nuair atáthar ag déanamh na gníomhaíochta seo, tosaigh leis an chéad cheart ar an liosta 'an ceart ainm bheith orm agus go léirítear meas ar m'ainm'.

Fiafraigh de na páistí cad iad na freagrachtaí atá orthu nó cad é is gá dóibh a dhéanamh le cinntiú go dtig le daoine sult a bhaint as an cheart seo. Tá liosta de fhreagraí féideartha a théann leis an ghníomhaíocht seo le Nótaí do Mhúinteoirí.

I gcás obair phéire/grúpoibre, bailigh an rang le chéile arís agus iarr ar gach péire/grúpa aiseolas a thabhairt ar a smaointe.

Críochnaigh an ghníomhaíocht seo trí cheist a chur agus, nuair is gá, chuidiú leis na páistí naisc a dhaingniú idir cearta agus freagrachtaí. Mar shampla, machnamh a dhéanamh ar:

- Cearta agus Freagrachtaí le chéile, mar a bheadh dhá aghaidh boinn ann;
- Tá freagrachtaí orainn uile na cearta céanna do gach duine a urramú;
- Tá freagracht orainn chomh maith ár gcearta a chleachtadh ar bhealaí nach ndéanann neamhaird ar chearta daoine eile.

## D. Ag amharc ar ár gCearta agus ár bhFreagrachtaí san Oideachas

Amharcfaidh an chuid seo ar na cearta a bhfuil baint dhíreach acu lena saol i scoil. Pléifimid na freagrachtaí comhfhreagracha atá acu leis na cearta úd.

Fiafraigh de na páistí cad iad na hairteagail a shíleann siad a bhaineann leo i scoil. Is féidir leo na hairteagail úd a roghnú ón phóstaer de CCP agus/nó DUCD.

Iarr orthu a roghanna a chosaint agus cad iad na freagrachtaí comhfhreagracha a shíleann siad a bheadh ann do gach ceann acu.

**Nótaí do Mhúinteoirí:**

Samplaí:

**An Ceart chun Oideachais** Orthu siúd tá, freagrachtaí comhfhreagracha ann gan dhaoine eile a bhaint den fhoghlaim, gníomhartha a dhéanamh a chuireann isteach ar chomhshaol léinn an tseomra ranga, ag labhairt nuair atá an múinteoir ag iarraidh rud a theagasc..

**An ceart chun bheith sábháilte agus gan mé a ghortú** Orthu siúd tá, freagrachtaí comhfhreagracha ann gan rud a dhéanamh a chuirfeadh sábháilteacht daoine eile nó a sábháilteacht féin i mbaol (M.sh. éitleáin pháipéir a chaitheamh, réada baolacha a thabhairt chun na scoile, srl.) D'fhéadfadh an comhrá dul ar aghaidh agus gá le rialacha scoile agus rialacha ranga a thabhairt isteach.

**An ceart chun iad féin a chur in iúl agus a dtuairim a thabhairt** Orthu siúd tá, freagrachtaí comhfhreagracha ann chun éisteacht, gan rudaí a rá a d'fhéadfadh daoine eile a ghortú, nó a bheadh bréagach nó béadchainteach.

**An ceart chun ainm bheith ort** Orthu siúd d'fhéadfadh freagrachtaí comhfhreagracha bheith ann amhail am a ghlacadh agus iarracht a dhéanamh ainmneacha páistí a fhoghlaim, páistí nua ach go háirithe a mbeadh deacracht cuimhneamh a dhéanamh orthu nó iad a rá i dtús báire. Tá an fhreagracht orainn chomh maith chun ainm maith daoine eile a chosaint agus gan bheith ag baisteachán.

**An ceart chun príobháideachais Orthu siúd tá** freagrachtaí comhfhreagracha agus príobháideachas daoine eile a urramú, (gan a málaí a chuardach, gan a maoin a glacadh srl.).

**An ceart chun súgartha** Ar na freagrachtaí comhfhreagracha tá an dualgas chun breagáin a roinnt, sealanna a ghlacadh, súgradh go cothrom agus gach duine a dhéanamh páirteach.

Lean leat leis an díospóireacht seo go dtí go bhfuil gach ceart a shíleann an rang a bhfuil baint acu lena saol scoile laethúil pléite.

I **nGníomhaíochtaí fairsingithe roghnach, Gníomhaíocht 3** tá tuilleadh ceisteanna díospóireachta ann ar féidir iad a úsáid chun an díospóireacht seo a chur chun cinn.

## Nótaí do Mhúinteoirí do Ghníomhaíocht B: Ag Amharc go Grinn ar Fhreagracht

Cuir do bharúil ar 'fhreagracht' in iúl trí na habairtí thíos a chomhlíonadh.

**Is iad seo na rudaí faoina bhfuil freagracht orm ...**

| Sa bhaile | Ar scoil |
|---|---|
| TM'obair bhaile a dhéanamh | Éisteacht leis an mhúinteoir |
| Aire a thabhairt ar mo mhadra agus é a chothú | Daoine eile a dhéanamh páirteach i ngrúpobair |
| TMo sheomra a choinneáil glan | Gan cur isteach ar dhaoine eile |

**Seo mar a mhothaím faoin fhreagracht atá orm ...**

Ar na freagraí a d'fhéadfadh a bheith: Ciaptha, i mbun mo mhéide, iontaofa, maith fúm féin, tábhachtach, bródúil, cothrom agus urramaithe.

Is féidir le múinteoirí na freagraí seo a úsáid mar spreagadh chun ransú smaointe ranga a thosú ar cad é mar a théann freagracht i bhfeidhm orainn.

Lena chois sin, is féidir iarraidh ar pháistí smaoineamh ar shamplaí faoi cad é mar a théann freagrachtaí difriúla i bhfeidhm orthu. Mar shampla, cé gur mhaith leo aire a thabhairt ar a ndeartháir nó deirfiúir níos óige go ginearálta, is féidir leo éirí tógtha má thagann an fhreagracht sin salach ar shúgradh lena gcairde. Thiocfadh leat an ceacht a bhunú ar fhreagraí tugtha ag na páistí ar chuid 1 den ghníomhaíocht seo.

**Tá aithne agam ar dhuine atá freagrach. Sílim go bhfuil ........................................ (ainm) freagrach mar:**

Cuir in iúl do na páistí gur féidir leis an duine seo teacht as an bhaile, as an scoil nó as a bpobal. Mar fhreagraí samplacha tá: Sílim go bhfuil mo Mham freagrach mar…

Cuireann sí rudaí i gcrích i gcónaí.

Nuair atá sí tinn éiríonn sí agus téann sí ag obair agus tugann sí aire dom.

Díolann sí na billí.

**Sílim go bhfuil duine freagrach…**

Má thugann siad aire do dhaoine eile/má chuidíonn siad le daoine eile.

Má choinníonn siad a seomra slachtmhar.

Mura gcuireann siad locht ar dhaoine eile.

Má chuidíonn siad le daoine eile ábhair chasta a láimhseáil.

Má tá siad deas le daoine agus go mbíonn meas acu orthu.

## Nótaí do Mhúinteoirí do Ghníomhaíocht C: Ár gCearta agus ár bhFreagrachtaí

| Mo Chearta | Mo freagracht |
|---|---|
| Tá ceart agam ainm bheith orm agus go mbeadh meas air | Tá freagracht orm daoine a urramú. Mar chuid de is gá iarracht speisialta a dhéanamh chun an dóigh le hainmneacha páistí idirnáisiúnta a rá. Mar chuid de seo, gan magadh faoi ainm daoine eile nó drochainm a thabhairt ar dhuine. |
| Tá ceart chun saoil bheith agam | Tá freagracht orm gan daoine a mharú nó iad a ghortú. |
| Tá ceart chun náisiúntachta | Tá freagracht orm náisiúntacht daoine a urramú agus le haithint go bhfuil náisiúntacht againn uile agus nach fearr náisiúntacht ar bith. |
| Tá an ceart agam go dtabharfaidh mo thuismitheoirí nó mo chaomhnóirí aire orm | Tá freagracht orm le héisteacht le mo thuismitheoirí nó mo chaomhnóirí le bheith cuidiúil. |
| Tá an ceart agam chun tí | Tá freagracht orm meas bheith agam ar chearta a dtí agus ar chearta mo chomharsana. |
| An ceart chun oideachais | Tá freagracht orm gan cur isteach ar dhaoine eile trí gan bheith toirmeascach sa rang. Tá freagracht orm gan daoine eile a fhágáil as grúpobair. Tá freagracht phearsanta orm mo dhícheall a dhéanamh. |
| An ceart chun cúram sláinte maith, bia folláin agus uisce ghlain | Tá freagracht orm an comhshaol a chosaint agus gan bia nó uisce a chur amú. |
| An ceart chun saoirse smaoinimh, agus reiligiúin bheith agam agus é a chleachtadh | Tá freagracht orm, meas bheith agam ar gach reiligiún agus chreidimh. |
| An ceart chun scíth a dhéanamh, chun súgartha agus páirt a ghlacadh | Tá freagracht orm gach páiste a chur san áireamh i gcluichí, le súgradh de réir na rialacha agus le roinnt nó seal a ghlacadh nuair atá easpa acmhainní gníomhaíochtaí ealaíonta ann. |
| Tá an ceart agam chun eolas a fháil agus a roinnt fad is nach ngortaíonn an t-eolas daoine eile nó mé féin | Tá freagracht orm meas bheith agam ar phríobháideachas daoine eile, gan cúlchaint a dhéanamh/ráflaí a scaipeadh, ríomhaire a roinnt, leabhair a thabhairt ar ais chuig an leabharlann, éisteacht le daoine agus eolas a thabhairt dóibh. |
| Tá ceart fios bheith agam ar cad iad mo chearta | Tá freagracht orm fios bheith agam ar cad iad mo fhreagrachtaí maidir leis na cearta úd agus gníomhú dá réir sin. Tá freagracht orm chomh maith lena chinntiú go bhfuil a fhios ag daoine faoina gcearta. |

## Gníomhaíochtaí Fairsingithe Roghnacha

### 1. Eochairfhocal

Roghnaigh idir roinnt gníomhaíochtaí thíos chun tuiscint agus úsáid na bpáistí ar na heochairfhocail a leanas ón Aonad a fhorbairt.

- Cearta
- Freagracht
- Dualgas
- Meas

Maisigh na focail ar theimpléad 'bríce' agus cuir iad seo le balla chearta an duine sa Seomra Ranga/Tionól.

Aimsigh a oiread focal beag is féidir leo laistigh den fhocal.

Obair Foclóra:
Meaitseáil an focal leis an mhíniú a scairteann an múinteoir amach (féach gluais ag leathanach 111 den acmhainn seo).

Thiocfadh leis an mhúinteoir roinnt mhínithe a scairteadh amach ar fhocal ar leith agus caithfidh na páistí an ceann ceart a roghnú.  Ina áit sin, thiocfadh leis na páistí mínithe an fhocail a chumadh agus iad a thaifead i bhfoclóir chearta an duine. (Féach na Gníomhaíochtaí Tacaíochta le hÚsáid sa Chlár ar leathanach 12 den acmhainn seo).

### 2. Obair Dialann Mhachnaimh

Is dócha gur mhian leat deis a thabhairt do na páistí a mothúcháin a scríobh síos ina ndialanna machnaimh. Is féidir leo an rud a d'fhoghlaim siad, cad é mar a mhothaíonn siad, rud éigin faoina bhfuil siad buartha srl. a thaifead.

### 3. Díospóireacht

Éascaigh díospóireacht ranga a chuireann ar chumas na bpáistí na hábhair a leanas a phlé:

- Na freagrachtaí a mheasann siad atá cuí do pháistí ar comhaois leo bheith acu sa bhaile agus ar scoil.
- An síleann siad, de ghnáth, go dtugtar barraíocht freagrachtaí nó nach dtugtar go leor freagrachtaí do pháistí ar comhaois leo?

**Nótaí do Mhúinteoirí:**

Úsáid do dhiscréid agus an fios atá agat faoi chúinsí na bpáistí chun an díospóireacht a éascú ar bhealach a chuireann san áireamh goilliúnacht ar féidir teacht orthu gan rabhadh.

### 3. Gníomhaíochtaí Scoile Iomláine – Cairt Ceart agus Freagrachtaí

Ag leanúint ar aghaidh le ceachtar de na díospóireachtaí ar chearta agus freagrachtaí inár saol laethúil nó san oideachas, mol don rang Cairt Ceart agus Freagrachtaí a scríobh síos, a ndéanfadh an rang tagairt dó, go háirithe nuair a bhíonn coimhlint idir cearta nó daoine.

Pléigh leis an rang cad é atá de dhíth ar gach duine sa dóigh go mbíonn siad sásta agus ábalta foghlaim sa rang.

Fiafraigh den rang cad é is gá dúinn a dhéanamh lena chinntiú go mbíonn gach duine ábalta sult a bhaint as na cearta scríofa sa Chairt.

Más féidir, cuir ar chumas an ranga a gcairt a thabhairt chuig comhairle na scoile agus/nó chuig an phríomhoide agus a úsáid a mholadh mar theimpléad cairt scoile a chuireann in iúl gealltanas na scoile chun go mothaíonn gach duine go bhfuil an meas céanna ar a ndifríochtaí.




Scoil Náisiúnta Naomh Caitríona, An Ros, Co. Bhaile Átha Cliath